



**Foras na Gaeilge**

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge  
don bhliain 2020**

<b>Dáta</b>	<b>Leathanach</b>
24 Eanáir	02
06 Márta	10
17 Aibreán	17
05 Meitheamh	28
24 Iúil	35
18 Meán Fómhair	45
30 Deireadh Fómhair	51
11 Nollaig	61

**Miontuairiscí ón 178ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine an 24 Eanáir 2020 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí, M. Ní Neachtain, C. McGuinness

**Leithscéal:** N. Ó Gallochobhair, M. Farrell, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí (ar Skype) agus L. Ní Fhaogáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mBord chuig Ceannáras Fhoras na Gaeilge.

Fáiltíodh roimh an dea-scéal maidir le hathbhunú an Fheidhmeannais ó thuaidh.

Cuireadh in iúl go bhfuil córam ann don chruinniú inniu; aon trian den ochtar Comhaltaí Boird atá i dteideal a bheith i láthair ag an gCruinniú Boird.

Tuairiscíodh go bhfuil cruinnithe á socrú leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Pobal ó thuaidh.

Tuairiscíodh go bhfuil folúntais d'ochtar Comhaltaí Boird ar an mBord.

Cuireadh in iúl go bhfuiltear ag súil go mbeidh cruinniú den CATT ann ag tús mhí an Mhárta agus go ndéanfar ainmniúcháin do Bhord Fhoras na Gaeilge ansin.

### **01.178 MIONTUAIRISCÍ**

Ghlac an Bord le Miontuairiscí an 6 Nollaig 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.178 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

#### **03.177 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA. Cúrsaí Corparáideacha. Aguisín 1 - Cuntais 2018**

Dearbhaíodh gur síníodh Cuntais an Fhorais Teanga i ndiaidh an Chruinnithe Boird dheireanaigh agus go dtabharfaí cuntas níos cruinne air seo níos déanaí sa chruinniú inniu.

#### **04.177 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE. An Coiste Forbartha.**

Cuireadh in iúl go raibh seisiún comhairliúcháin ar Threo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste aréir agus gur ócáid fhiúntach a bhí ann. Tuairiscíodh go raibh thart ar 20 duine i láthair an tseisiúin, gur daoine iad a bhí ionadaíoch ar phobal na Gaeilge ó thuaidh, agus gur tugadh moltaí dearfacha i leith an Treo Straitéisigh. Tuairiscíodh gur moladh ag an ócáid go mbeadh níos mó dá leithéid ar siúl, go háirithe maidir leis an bPlean Corparáideach agus Plean Gnó.

#### **03.178 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Ní raibh aon bhaol coimhlintí leasa ann.

#### **04.178 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais seo leanas:

- Cruinnithe agus Ócáidí
- Tuairisc ar athruithe fostaíochta
- Cúrsaí Corparáideacha
- Nuashonruithe

**4. a) Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta** Ardaíodh ceist maidir le socrúithe na luachála. Cuireadh in iúl go bhfuil súil an tuairisc dheiridh a bheith réidh i Ráithe 2.

**4. b) Athbhreithniú ar Scéimeanna na Meán Clóite agus ar Líne.**

Cuireadh in iúl go raibh tairiscint bliana go dtí an 31 Nollaig 2020 ar an gconradh deontais reatha sínithe ag Tuairisc.ie, Comhar agus Nós.

Ardaíodh ceist maidir leis an Scéim Ionaid Gaeilge; an mbeadh scéim den chineál sin ann? Cuireadh in iúl go dtabharfaí faoi sin dá dtiocfadh méadú ar an mbuiséad bonnlíne. Cuireadh in iúl go bhfuil obair ullmhúcháin déanta ag Foras na Gaeilge agus go scaipfí cáipéis faoin Scéim Ionaid Gaeilge ar na Comhaltaí Boird.

Iarradh faomhadh ar na míreanna seo a leanas;

- i. Cuireadh in iúl gur cheadaigh an PF agus an Cathaoirleach €10,000 breise le haghaidh Comhar faoin scéim tarmligin, a cheadaíonn don PF agus don Chathaoirleach sin a dhéanamh i gcásanna eisceachtúla, ar acht go bhfaightear faomhadh ón mBord ag an gcéad chruinniú eile. Cuireadh in iúl go raibh €36,000 ceadaithe do Chomhar faoi Scéim na Foilsitheoireachta, a faomhadh ar chruinniú Boird an 06 Nollaig 2019, ach gur tugadh faoi deara go ndearnadh míléamh ar a n-iarratas, agus gur €46,000 ba chóir a cheadú dóibh. Tuairiscíodh gur cuireadh Litir Thairisceana nua chuige Comhar. Rinne an Bord an maoiniú breise seo a fhaomhadh.
- ii. Moladh don Bhord an t-iarchomhalta Boird, S.M. Ó Domhnaill a cheapadh mar bhall seachtrach ar an gCoiste Osradhairc agus ar Choiste na nDeontas dá mba ghá mar bhealach le deacrachtaí a sheachaint maidir le córam ar chruinnithe de chuid na gcoistí sin, go dtí go mbeidh Comhaltaí nua ceaptha. Roghnaíodh S.M. Ó Domhnaill ar an ábhar go bhfuil dhá thréimse caite aige ar an mBord agus nach mbeadh sé inainmnithe don Bhord úr. Dearbhaíodh go bhfuil cead ag an mBord é seo a dhéanamh de réir na mbuanorduithe. Glacadh leis an moladh.
- iii. Cuireadh in iúl go bhfuil conradh ag Foras na Gaeilge leis an gcomhlacht *Inspire Wellbeing*, a thugann tacaíocht do bhaill foirne maidir le sláinte mheabhrach, agus go bhfuil socrú déanta go mbeidh teacht ag Comhaltaí Boird ar an tseirbhís seo. Cuireadh in iúl go gcuirfí ríomhphost chuige na Comhaltaí Boird leis na mionsonraí faoin tseirbhís seo. Tuairiscíodh go bhfuil comhairleoirí le Gaeilge ag *Inspire Wellbeing*. Mhol an Bord an feidhmeannas as an tseirbhís seo a leathnú do Chomhaltaí Boird agus aontaíodh gur rud iontach dearfach é.

## **Aguisín 1-Tuairisc ar Phlean Gnó 2019**

Cuireadh tuairisc faoi bhráid an Bhoird ar chur i bhfeidhm Phlean Gnó 2019. Ghlac an Bord leis an tuairisc.

## **Aguisín 2- Buaicphointí 2019**

Cuireadh cáipéis faoi bhráid an Bhoird ag léiriú bhuaicphointí 2019, agus thug an Bord suntas don chaipéis.

Tagraíodh don leabhrán de Bhuaicphointí 2019.

Rinneadh cur i láthair ar Bhuaicphointí 2019 Fhoras na Gaeilge.

## **05.178 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

### **Coiste na nDeontas**

Ar an ábhar nach raibh Cathaoirleach an Choiste i láthair, thug Comhalta eile de chuid Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a léadh ag an gcruinniú ar an 13 Eanáir 2020.

Cuireadh in iúl go bhfuarthas 61 iarratas do Scéim na bhFéilte 2020 agus go raibh 56 acu sin incháilithe. Mhol Coiste na nDeontas maoiniú a chur ar fáil do na hiarratais incháilithe uilig. Tuairiscíodh go raibh 10 n-iarratasóir as an 56 incháilithe don scéim ach nach raibh airgead ar fáil chun iad a mhaoiniú. Moladh go ndéanfaí gach iarracht airgead a chur ar fáil dóibh san Athdháileadh níos déanaí sa bhliain.

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na bhFéilte 2020 agus glacadh leo.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

<b>Ainm an Eagrais</b>	<b>Ainm an Tionscadail</b>	<b>Méid Iarrtha €/£</b>	<b>Méid Molta 2020 €/£</b>
An tSean Bheairic	Féile na Sean Bheairice 2020	€4,500.00	€2,700.00
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Scoil Samhraidh Mhic Reachtain	£3,500.00	£2,100.00
An Cumann Scoil drámaíochta Féile Dhoire / Na hÓmaí	Féile an Ómaí	£780.00	£468.00
Comharchumann Ráth Chairn	Féile na Mí	€5,000.00	€3,000.00
Glór Uachtar Tíre	Scoil Samhraidh Shéamus Uí Néill	£3,500.00	£2,100.00
Féile na Bealtaine	Féile na Bealtaine	€5,000.00	€3,000.00
Glór na Móna	Féile na Carraige	£3,500.00	£2,100.00
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Sean-nós na Fearsaíde	£3,500.00	£2,100.00
Consairtín	Consairtín 2020	€2,750.00	€1,650.00

Galway Theatre Festival Ltd /Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe	Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe	€5,000.00	€2,400.00
Navan Choral Festival	Navan Choral and Instrumental Festival	€3,000.00	€1,440.00
Scoildrámaíochta an Chláir	Féile Scoildrámaíochta an Chláir	€1,500.00	€720.00
An Fhéile Scoildrámaíochta	Féile Scoildrámaíochta Uladh	€2,500.00	€1,200.00
Loinneog Lúnasa	Loinneog Lúnasa	€5,000.00	€2,400.00
An Droichead	Féile an Droichid 2020	£3,500.00	£1,680.00
Féile Idirnaisiúnta na Cúirte	Cúirt 2020 - Féile Litríochta Idirnaisiúnta	€5,000.00	€2,400.00
University of Limerick / Ollscoil Luimnigh	Blas International Summer School Of Irish traditional music and dance	€5,000.00	€2,400.00
Comhlacht Forbartha Inis Meáin	Éigse Dara Beag	€5,000.00	€2,400.00
Cairde Dhroim nDamh	Siúlóid Laindear na Samhna - Féile Sholais	£3,450.00	£1,656.00
Pobal ar an Iúl	Féile Sheachtain na Gaeilge	£1,175.00	£564.00
Gaeilge Locha Riach	Féile Raiftéirí	€4,600.00	€2,208.00
Comharchumann Chléire Teo	Oileán	€5,000.00	€2,400.00
Waterford County Festival of Food / Féile Bia Iarthar Phort Láirge	Féile Bia Iarthar Phort Láirge	€5,000.00	€2,400.00
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Féile Charn Tóchair	£3,500.00	£1,680.00
An tSean Bheairic	Féile Scéalaíochta na Glaise	€4,500.00	€2,160.00
Áras Éanna	Féile Inis Oírr 2020	€4,950.00	€2,376.00
Sligo Feis Ceoil	Sligo Feis Ceoil	€4,000.00	€1,920.00
Alliance Francaise	Franco Irish Literary Festival 2020	€3,500.00	€1,680.00
Scoil Acla	Scoil Acla	€5,000.00	€2,400.00
Coiste Féile Tradphicnic	Coiste Féile Tradphicnic	€4,900.00	€2,352.00
The Gap Arts Festival	Féile Ealaíona an Bhearna - The Gap Arts Festival	€4,250.00	€2,040.00
Éigse Cholm Cille	Comóradh Cholm Cille - Tús Caibidle	£3,500.00	£1,680.00
Glór Dhún Geimhin	The Winding Roe Festival	£3,500.00	£1,680.00

Coiste Ionad Pobail Dhún Lúiche	Féile an Earagail	€5,000.00	€2,400.00
Féile na Gealaí	Féile na Gealaí	€5,000.00	€2,400.00
Féile na Locha	Féil na Locha	€5,000.00	€2,400.00
Cumann Liam & Thomáis Uí Fhlaithearta	Féile na bhFlaitheartach	€1,500.00	€720.00
Ionad Uíbh Eachach	Bí Dána 2020	£3,500.00	£1,680.00
SwellFest Ltd	SwellFest Ltd	€5,000.00	€2,400.00
Féile Róise Rua	Féile Róise Rua	€4,420.00	€2,121.60
Muintir Chrónáin Teo	Lá Fhéile Bríde	€4,275.00	€2,052.00
Dingle Lit Company Ltd.	Féile Liteartha Chorca Dhuibhne	€5,000.00	€2,400.00
Féile Nasc Ltd	Féile Nasc	€5,000.00	€2,400.00
Ballintogher Traditional Festival	Féile Traidisiúnta Bhaile an Tóchair	€2,720.00	€1,305.60
Barbaro International Arts Festival for Children	Barbaro International Arts Festival for Children	€5,000.00	€2,400.00
Age and Opportunity	Bealtaine Festival	€4,345.00	€2,085.60
Féile Chois Cuain	Féile Chois Cuan	€3,500.00	€1,400.00
Éigse Lanesboro	Éigse Peter Carberry	€3,000.00	€1,200.00
The Five Lamps Arts Festival	The Five Lamps Festival	€5,000.00	€2,000.00
Cnoc na Gaoithe Cultural Centre	Féile Chnoc na Gaoithe	€2,800.00	€1,120.00
The Amergin Solstice Poetry Gathering: Éigse na Gréine	The Amergin Solstice Poetry Gathering: Éigse na Gréine	€5,000.00	€2,000.00
Galway Film Fleadh Ltd.	Junior Galway Film Fleadh	€3,500.00	€1,400.00
Cruthú Arts Festival	Cruthú Arts Festival	€5,000.00	€2,000.00
Scoil Samhraidh Willie Clancy	Scoil Samhraidh Willie Clancy	€5,000.00	€2,000.00
Féile na hInse	Féile na hInse	€4,000.00	€1,600.00
Éigse na Brídeoige	Éigse na Brídeoige	€5,000.00	€2,000.00

Tuairiscíodh go bhfuil €3,000 le híoc le Comhar don obair a rinneadh ar an tionscadal Portráidí Gaeilge in 2019. Cuireadh in iúl go bhfuil an íocaíocht seo le faomhadh ag an mBord, ós rud é go bhfuil níos mó ná €50,000 á íoc le Comhar i bhfoirm deontais in 2019.

Chinn an Bord an íocaíocht de €3,000 le Comhar a cheadú.

Tuairiscíodh Nóta Eolais i leith leasú ar bhuiséad Oireachtas na Gaeilge.

## **06.178 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2019**

Pléadh an Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2019 agus ghlac an Bord leis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas;

- i. gur caitheadh buiséad Fhoras na Gaeilge mar a shocraigh an Bord.
- ii. go mbíonn aird ar fhuílligh i gcuntais Fhoras na Gaeilge ag deireadh na bliana agus go bhfuil anailís ghéar á déanamh air seo. Tuairiscíodh go mbeadh na fuílligh níos ísle i mbliana ná i mbliain ar bith ó 2016. Tuairiscíodh go mbeadh fuílligh sna cuntais i gcónaí; idir mhaoiniú a thagann ar ais ó dheontaithe go mall sa bhliain, agus mhaoiniú a theastaíonn le haghaidh billí a bhíonn le glanadh go luath sa bhliain úr.
- iii. go mbíonn aird ar dhíolachán agus ar ioncam ÁIS, gur scéal dearfach atá ann ó thaobh díolacháin de, go raibh méadú 10% ar dhíolachán ÁIS in 2019, agus go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis an Timire Díolacháin nua a ceapadh anuraidh.

### **Athdháileadh 2019**

Cuireadh cáipéis maidir le hathdháileadh in 2019 faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh in iúl go léiríonn an cháipéis aon choigeartú a rinneadh ar bhuiséid le linn na bliana agus an chaoi a ndearnadh an t-airgead sin a athdháileadh.

Cuireadh in iúl go mbeidh Gaelchultúr ag reáchtáil an chúrsa oiliúna ar an tairiscint ghníomhach an mhí seo le baill foirne sna comhairlí contae ar bhonn trialach ar dtús. Cuireadh in iúl gur cúrsa gairid leathlae nó mar sin a bheidh i gceist.

Moladh a fhiosrú an bhféadfaí físeán gairid a dhéanamh maidir leis an ábhar seo, le gur féidir leis na comhairlí contae ar fad é a úsáid, agus a bhfostaithe nua á dtraenáil acu.

Moladh an liosta athdháilte de bharr a thrédhearcachta.

### **Cuntais**

Tuairiscíodh go bhfuil Cuntais 2017 ag na Ranna Rialtais faoi láthair agus go bhfuiltear ag fanacht ar dháta a leagfar os comhair an Rialtais ó thuaidh agus ó dheas iad.

Tuairiscíodh go bhfuil cóip shínithe de chuntais 2018 tagtha ar ais ó Oifig an Ard-Reachtair i mBaile Átha Cliath agus go bhfuarthas teastas iomlán glan ar an 9 Eanáir 2020. Cuireadh in iúl go bhfuil sprioc de thrí mhí ann lena leagan os comhair Thithe an Oireachtais, go bhfuil an sprioc sin ann i mí Aibreáin 2020 agus go bhfuil obair eagarthóireachta á déanamh orthu faoi láthair. Tuairiscíodh go mbeadh an tuarascáil bhliantúil le ceangal leis na cuntais sula bhfoilseofar iad.

Tuairiscíodh go bhfuil obair ullmhúcháin idir lámha faoi láthair ar Chuntais 2019.

## **07.178 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

## **08.178 AON GHNÓ EILE**

Cuireadh in iúl go mbeidh lá traenála do na Comhaltaí Boird ar fad ar an 5 Márta i mBéal Feirste, an lá roimh an gcéad Chruinniú Boird eile, má bhíonn comhaltaí nua ainmnithe faoi sin, ach go ndéanfaí teagmháil leis na Comhaltaí Boird go luath lena thuilleadh sonraí maidir leis.

## **09.178 REACHTAÍOCHT TEANGA THUADH AGUS THEAS**

Rinneadh cur i láthair ar an reachtaíocht teanga atáthar a mholadh ó thuaidh agus ó dheas.

Cuireadh in iúl go scaipfí aighneachtaí Fhoras na Gaeilge don dá Rialtas maidir leis na Billí Teanga ar na Comhaltaí Boird. Cuireadh fáilte roimh mholtaí Chomhaltaí Fhoras na Gaeilge maidir leis na Billí freisin.

Cuireadh in iúl go scaipfí cóip den chur i láthair ar na Comhaltaí Boird.

Moladh go bhfiosrófaí an bhféadfaí *sticky notes* a sholáthar le treoracha maidir leis an gcaoi leis an síneadh fada a dhéanamh ar an ríomhaire, agus go mbeadh na *sticky notes* seo ar fáil d'oifigí fáilte, do rúnaithe srl. agus ainmneacha/seoltaí srl. Gaeilge á gclóscríobh acu.

---

**Pól Ó Gallchóir**  
**Cathaoirleach**  
**6 Márta 2020**



**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020**

	24/01/ 20	06/03/ 20	17/04/ 20	05/06/ 20	24/07/ 20	18/09/ 20	30/10/ 20	11/12/ 20
Pól Ó Gallchóir	✓							
Conor McGuinness	✓							
Barra Ó Muirí	✓							
Maighréd Ní Chonghaile	X							
Mairéad Farrell	X							
Máire Ní Neachtain	✓							
Sorcha Ní Chéide	X							
Niall Ó Gallochobhair	X							

**Miontuairiscí ón 179ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine an 6 Márta 2020 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Teach an Gheata Thiar, 2-4 Sráid na Banríona, Béal Feirste**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), N. Ó Gallochobhair, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, C. McGuinness, M. Ní Neachtain (ar Skype)

**Leithscéal:** B. Ó Muirí

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí (ar Skype) agus L. Ní Fhaogáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an mBord chuig oifigí Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste. Dheimhnigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair don Chruinniú Boird.

Tuairiscíodh nuashonruithe maidir leis an Rialtas ó thuaidh agus ó dheas. Cuireadh in iúl go bhfuil cruinniú eagraithe leis an Aire Pobal agus leis an Aire Airgeadais ó thuaidh don 11 Márta. Mhínigh an Cathaoirleach gur dócha nach gceapfaí Comhaltaí nua ar an mBord go dtí go mbeadh cruinniú ann den CATT, agus go raibh sin ag brath ar an dá rialtas.

Rinneadh comhghairdeas le M. Farrell, TD, ar a ceapachán mar Theachta Dála agus cuireadh in iúl go mbeadh sí ag scríobh chuig an mBord go luath chun éirí as an mBord, de réir an Chóid Iompair.

Rinneadh comhghairdeas le hÉ. Ó hArgáin as 40 bliain de sheirbhís le Bord na Gaeilge agus Foras na Gaeilge.

### **01.179 MIONTUAIRISCÍ**

Ghlac an Bord le Miontuairiscí an 24 Eanáir 2020 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.179 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

### **06.178 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2019**

#### **Athdháileadh 2019**

Ardaíodh ceist ar pléadh an liosta athdháilte 2019 ag Cruinniú Boird mhí Eanáir agus deimhníodh gur pléadh.

Moladh go mbeadh cur chuige ann a ligfeadh don Bhord tosaíochtaí straitéiseacha a phlé don athdháileadh gach bliain.

Míníodh gur gnách gur i dtreo dheireadh na bliana a thagann airgead ó thearc-caiteachas chun tosaigh a bhíonn le hathdháileadh, go raibh roinnt tionscadal nár fhéad muid caiteachas a dhéanamh orthu le linn 2019, rud a d'fhág go raibh méid measartha mór ann le hathdháileadh, agus nach bhfuil a leithéid tuartha do 2020.

Iarradh ar an bhfeidhmeannas páipéar a ullmhú le plé ag an gcéad chruinniú eile.

### **03.179 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh Baol Coimhlintí Leasa ag M. Ní Neachtain maidir le Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon agus ag S. Ní Chéide maidir le Scéim na gCompántas Drámaíochta.

### **04.179 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an chruinnithe agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais seo leanas:

- Cruinnithe agus Ócáidí
- Cúrsaí Foirne
- Cúrsaí Corparáideacha – Thréaslaigh an PF leis an bhfoireann Airgeadais as a gcuid oibre ar chuntais 2018, agus cuireadh in iúl nár eisíodh Litir Bhainistíochta don dara bliain as a chéile.
- Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta
- Scéim Pobal Gaeilge – Cuireadh in iúl go bhfuil cúpla mionleasú le déanamh ar an gcáipéis chomhairliúcháin, go mbeadh an cháipéis leasaithe réidh ag deireadh na míosa, agus go gcuirfí tús leis an bpróiseas comhairliúcháin ag tús na míosa seo chugainn nuair a bheidh sé pléite leis na Ranna

1. **a) Cruinnithe agus Ócáidí** Ardaíodh roinnt ceisteanna maidir leis an gcruinniú le hArd-Stiúrthóir RTÉ.

Ardaíodh ceist maidir le Scéim Ionad Gaeilge, agus deimhníodh go raibh dréachtscéim faofa ag an mBord ó 2019, a bheadh le seoladh nuair a bheadh maoiniú breise faighte do bhuiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge.

### **Aguisín 1 – An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge – Tuairisc Thréimhsiúil don Bhord**

Tuairiscíodh go mbeadh na profaí deireanacha réidh le seoladh chuig an gclódóir ag deireadh na míosa, go bhfuil an obair ar an bhFoclóir ar sprioc go dtí seo, agus go mbeadh na leabhair á gcur amach chuig na siopaí leabhar ó mhí an Mheithimh 2020.

Tréaslaíodh le J. Ó Labhraí agus le foireann an Fhoclóra as an dea-scéal seo agus as a gcuid oibre ar fad.

Tuairiscíodh go gcuirfí páipéar faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad Chruinniú Boird eile maidir le seoladh an Fhoclóra. Aontaíodh gur togra an-tábhachtach é seo a raibh tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis. Moladh preasphean a thiomsú.

### **Aguisín 2 – Moladh maidir le Scéimeanna na Meán ar Líne agus Clóite**

Cuireadh in iúl gur ritheadh próiseas tairisceana poiblí agus gur tháinig trí iarratas don scéim: iarratais ó Comhar, Nós agus Tuairisc.

Cuireadh in iúl gur moladh glacadh le Comhar, Nós agus Tuairisc mar na Príomheagraíochtaí d'earnáil na Meán Gaeilge scríofa agus ar líne.

Ghlac an Bord leis an moladh.

Cuireadh in iúl go gcuirfí moladh maidir le céim a dó den phróiseas (faomhadh ciste) faoi bhráid an Bhoird le faomhadh i mí Aibreáin.

### **Aguisín 3 – Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) – Coiste Comhairleach don Ghaeilge: Tuairisc 2019**

Cuireadh an tuairisc faoi bhráid an Bhoird.

Nótáil an Bord an tuairisc.

#### **05.179 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

##### **Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 21 Feabhra 2020.

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca leis na Líonraí Gaeilge agus glacadh leo.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Iarratasóir</b>	<b>Deontas Molta 2020 €/£(le leasú pro rata)</b>
2001009	Líonra na hInse (An Inis)	€80,000
2001007	Gaeilge Locha Riach (Baile Locha Riach)	€80,000
2001011	Muintir Chrónáin (Cluain Dolcáin)	€80,000
2001010	An Chultúrlann (Líonra Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste)	£72,000
2001008	Coiste Forbartha Charn Tóchair (Líonra Gaeilge Carn Tóchair)	£72,000

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim Deontas Cholmille 2019 Babhta 2 agus glacadh leo.

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Iarrthóir</b>	<b>Tionscadal</b>	<b>Méid Iarrtha €/£</b>	<b>Méid Molta 2020 €/£</b>
CC19023	An Gaeláras	The Droichead Project	£9,152	£6,000

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim Miondeontas Cholmille 2020 agus glacadh leis.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Iarrthóir</b>	<b>Tionscadal</b>	<b>Méid Iarrtha €/£</b>	<b>Méid Molta 2020 €/£</b>
CC2000.02	Ógras	Ógras agus Oganán Dhún Éideann	€1,525	€1,525

Nótáil an Coiste cáipéisí ar leasú buiséid Ghael Linn agus ar leasú buiséid Ghaeloideachas.

**D'fhág S. Ní Chéide an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.**

Tuairiscíodh go raibh iarratas amháin dícháilithe do Scéim na gCompántas Drámaíochta agus go raibh 17 n-iarratas incháilithe. Iarradh go gcuirfí airgead ag teacht as tearc-chaiteachas i dtreo na dtrí chomhlacht a bhí incháilithe don scéim, agus nach raibh airgead go leor sa chiste dóibh faoi láthair.

Iarradh go bhfiosrófaí san athbhreithniú ar Scéim na gCompántas Drámaíochta, bealaí le compántais drámaíochta amaitéireacha a chur san áireamh, spriocdhátaí níos luaithe sa bhliain, teideal na scéime, agus an dóigh a ndéantar poiblíocht ar an scéim. Cuireadh in iúl go mbeadh an tuairisc ar an athbhreithniú ag teacht ar ais chuig Coiste na nDeontas.

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na gCompántas Drámaíochta 2020 agus glacadh leo.

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Méid Iarrtha €/£	Méid Molta 2020 €/£
2001002.09	Fíbin Teo	€35,000	€24,500
2001002.13	Aisling Ghéar	£30,000	£21,000
2001002.18	High Rock Productions Limited	€50,000	€26,500
2001002.10	An Taibhdhearc	€50,000	€26,500
2001002.16	Grafitti Theatre Company	€19,932	€10,500
2001002.15	Artistic Productions T/a Cuan Studios	€40,000	€21,000
2001002.17	Little Wolf	€11,830	€7,000
2001002.04	Axis	€20,950	€11,000
2001002.07	Aisteoirí Bhréanainn	€6,200	€3,500
2001002.14	Mumbro Top	€22,800	€12,000
2001002.02	Aisteoirí an Lóchrainn	€1,400	€650
2001002.12	Branar Drámaíocht Teo.	€50,000	€22,500
2001002.03	Project Arts Centre	€33,642.12	€15,500
2001002.06	Ériú	€11,000	€5,000

**D’fhill S. Ní Chéide ar an gcrúinniú ag an bpointe seo.**

Cuireadh Scéim na Mór-Imeachtaí siar go dtí deireadh an chruinnithe. **D’fhág M. Ní Neachtain an cruinniú ag deireadh an chruinnithe mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.**

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2020 agus glacadh leo.

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Méid Iarrtha €/£	Méid Molta 2020 €/£
2001003.03	Fleadh Cheoil na hÉireann Mullingar	Fleadh Cheoil na hÉireann Seachtain na Gaeilge	€7,650	€6,000

2001003.04	Pan Celtic Carlow	An Comórtas Náisiúnta Amhrán Nua-Chumtha 2020 & An Fhéile Pan Cheilteach 2020	€15,000	€9,000
2001003.05	Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	Féile Náisiúnta Drámaíochta 2020	€36,000	€14,500
2001003.02	Cumann Merriman	Scoil Gheimhridh Merriman 2020	€10,573	€4,500
2001003.07	Féile an Phobail	Féile an Phobail 2020	£30,000	£8,500
2001003.01	Féile Dhuibh Linne Teoranta	Gaeltacht agus Gaelspraoi	€6,990	€6,000

### **Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 24 Feabhra 2020.

Cuireadh in iúl go bhfuil cáipéis le moltaí maidir leis an Treo Straitéiseach ar Decision Time don Bhord agus go bhfuil aiseolas agus tuairimí na gComhaltaí Boird le cur isteach i scríbhinn taobh istigh de sheachtain.

Cuireadh in iúl nach fios go fóill an mbeidh ar Fhoras na Gaeilge faomhadh an CATT a fháil maidir leis an Scéim Pobal Gaeilge nua, ach dá mbeadh gá leis sin gur dócha go mbeadh síneadh ama breise le cur leis an Scéim reatha.

### **Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 24 Feabhra 2020.

Faomhadh an Polasaí Coimhlint Leasa d'fhostaithe agus an Polasaí Coimhlint Leasa do Chomhaltaí Boird.

### **Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 10 Feabhra 2020.

Rinneadh plé ar an suirbhé ar mheon na foirne. Cuireadh in iúl gur tuairisc bhliantúil ar dhearcadh na foirne i leith a gcuid oibre a bhí i gceist, agus gurb í seo an dara bliain a rinneadh an suirbhé. Tuairiscíodh go bhfuil meon na foirne dearfach i leith a gcuid oibre agus go bhfuil dul chun cinn le feiceáil.

Ardaíodh roinnt ceisteanna i leith na tuairisce. Iarradh cóip den tuairisc a chur ar fáil don Bhord.

### **06.179 CLÁR RIOSCA**

Cuireadh an Clár Riosca i láthair an Bhoird, cuireadh in iúl go bhfuil athbhreithniú déanta ar roinnt rioscaí, agus ghlac an Bord leis.

### **07.179 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 Eanáir 2020**

Pléadh an Ráiteas Caiteachais go 31 Eanáir 2020 agus ghlac an Bord leis.

### **Buiséad 2020**

Cuireadh Buiséad 2020 faoi bhráid an Bhoird, agus ghlac an Bord leis.

### **Ceangaltais 2020**

Cuireadh cuntas maidir le Ceangaltais 2020 faoi bhráid an Bhoird, agus ghlac an Bord leis.

### **Díscríobh 2019**

Cuireadh cuntas maidir le Díscríobh 2019 faoi bhráid an Bhoird, a bhaineann le deontais in 2019 a raibh díscríobh le déanamh orthu, agus ghlac an Bord leis.

### **08.179 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

### **09.179 AON GHNÓ EILE**

Ardaíodh an cheist an féidir le Foras na Gaeilge ainmniúcháin a thabhairt do Sheanad Éireann. Moladh go ndéanadh an Foras fiosrú maidir le hainmniúcháin don chéad toghchán eile.

Fiosraíodh an bhféadfaí ríomhphoist nach bhfuil eolas rúnda iontu a sheoladh chuig seoltaí pearsanta na gComhaltáí Boird seachas chuig an gcuntas oifigiúil.

Cuireadh in iúl go mbeadh an chéad Chruinniú Boird eile ar siúl ag an bhFéile Phan-Cheilteach i gCeatharlach ar an 17 Aibreán 2020.

---

**Pól Ó Gallchóir,**  
**Cathaoirleach**  
**17 Aibreán 2020**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020**

	24/01/ 20	06/03/ 20	17/04/ 20	05/06/ 20	24/07/ 20	18/09/ 20	30/10/ 20	11/12/ 20
Pól Ó Gallchóir	✓	✓						
Conor McGuinness	✓	✓						
Barra Ó Muirí	✓	X						
Maighréd Ní Chonghaile	X	✓						
Mairéad Farrell	X							
Máire Ní Neachtain	✓	✓						
Sorcha Ní Chéide	X	✓						
Niall Ó Gallochobhair	X	✓						



**Miontuairiscí ón 180ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine an 17 Aibreán  
2020  
ar líne ar Zoom**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí, M. Ní Neachtain, C. McGuinness, N. Ó Gallochobhair, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile

**Leithscéal:** Ní raibh aon leithscéalta ann.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus L. Ní Fhaogáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19.

Cuireadh in iúl go dtabharfadh an Príomhfheidhmeannach nuashonrú maidir le socruithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19 le linn an chruinnithe.

Gabhadh buíochas leis na Comhaltaí Boird as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála. Cuireadh in iúl go bhfuil córam ann don chruinniú agus gurb ionann faoi láthair triúr Comhaltaí Boird agus córam go dtí go líonfar na folúntais ar an mBord, nuair a bheidh rialtas ó dheas in áit.

### **01.180 MIONTUAIRISCÍ**

Ghlac an Bord le Miontuairiscí an 6 Márta 2020 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.180 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

#### **05.179 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAELIGE**

Ardaíodh ceist maidir le stádas tuairiscí chathaoirligh na gcoistí agus ar chóir cur síos ar ábhar na dtuairiscí sin a bheith san áireamh sna miontuairiscí ón Chruinniú Boird.

Cuireadh in iúl gur taifead ar chinntí an Bhoird atá i gceist le miontuairiscí na gcruinnithe Boird, nó taifead ar thuairimí pearsanta má iarrtar sin, agus gur cáipéisí iad tuairiscí chathaoirligh na gcoistí don Bhord amháin.

Nótáil an Bord an pointe seo.

### **03.180 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Chuir M. Ní Chonghaile in iúl go raibh baol coimhlint leasa aici i dtaca le Scéim na gCampai Samhraidh.

### **04.180 COVID-19**

Thug an Príomhfheidhmeannach tuairisc ó bhéal maidir le socruithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas;

- i. gur thosaigh an feidhmeannas ag pleanáil don ghéarchéim roimh an tseachtain dar tús 16 Márta agus gur bunaíodh Meitheal Leanúnachais Gnó san eagraíocht roimhe sin

- ii. gur labhair an PF le Stiúrthóir na Gaeilge ar an 13 Márta, agus go raibh cruinniú comhdhála leis an Roinn Pobal ar an 16 Márta, agus go ndearnadh socrú leis na Ranna réamhíocaíochtaí a dhéanamh le Foras na Gaeilge ionas go mbeimis in ann airgead a chur ar fáil do na príomhdheontaithe a bhí ag brath orainn le haghaidh costais tuarastail srl, agus do thuarastail bhaill foirne Fhoras na Gaeilge féin
- iii. go bhfuil gach ball foirne cumasaithe anois le bheith ag obair ón mbaile agus go bhfuil rochtain acu ar an gcóras inmheánach Citrix
- iv. go bhfuil gléas oibre ag formhór na foirne agus go bhfuil obair ar na comhaid chrua idir lámha ag daoine nach bhfuil idirlíon acu sa teach
- v. go bhfuil gutháin na n-oifigí éagsúla atreoraithe go gutháin baill foirne éagsúla agus go bhfuil daoine ainmnithe chun an postas a sheiceáil sna hoifigí
- vi. go bhfuiltear ag glacadh le hiarratais do scéimeanna tríd an r-phost
- vii. go bhfuil cruinnithe inmheánacha agus seachtracha ag dul ar aghaidh mar is gnách, ar Skype nó ar Zoom
- viii. go bhfuiltear aireach go bhfuil an tacaíocht agus an chumarsáid tábhachtach idir clárbhainisteoirí agus baill foirne agus go bhfuil an chumarsáid shóisialta tábhachtach freisin
- ix. go bhfuil Foras na Gaeilge ag díriú ar an gcumarsáid sheachtrach freisin, go háirithe ar na meáin shóisialta
- x. go mbeadh tearc-chaiteachas ann maidir le roinnt scéimeanna níos déanaí sa bhliain agus go mbeadh an deis ag an mBord a dtosaíochtaí a chur in iúl maidir leis an airgead a bheidh le hathdháileadh ag eascairt as an tearc-chaiteachas sin níos faide anonn sa chruinniú
- xi. go bhfuil an fhoireann chumarsáide ag díriú ar fheachtas ar na meáin shóisialta chun daoine a ghríosú leis an Ghaeilge a úsáid sa bhaile
- xii. go mbeadh cruinniú bainistíochta ar siúl inniu maidir le haistrithe sealadacha foirne chuig ranna rialtais eile le linn ghéarchéim Covid-19.

Cuireadh in iúl go bhfuil obair ar an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge ar gcúl toisc na géarchéime. Tuairiscíodh go bhfuil an sprioc curtha siar go deireadh mhí Aibreáin, agus go seolfá na leaganacha deiridh den fhoclóir chuig na clódóirí ar an 30 Aibreán. Cuireadh in iúl go mbeadh an Foclóir réidh do thús na Scoilbhliana 2020-2021, i mí Mheán Fómhair 2020, mar a bhí beartaithe.

Tugadh ardmholadh don fhoireann ar fad as an obair ar fad atá déanta le bheith ag obair ón mbaile. Tugadh moladh don Rannóg Chumarsáide freisin as a cuid oibre ar na meáin shóisialta.

Ardaíodh ceist maidir le hairgead nach gcaithfear ar scéimeanna éagsúla in 2020, an mbeadh an maoiniú sin le caitheamh ar rudaí eile, agus an mbeadh cinntí le déanamh i rith an tsamhraidh maidir leis an airgead sin.

Ardaíodh ceist maidir leis an tacaíocht is féidir a chur ar fáil do dheontaithe agus maidir le solúbthacht agus saoirse a thabhairt dóibh an t-airgead sin a chaitheamh ar nithe eile fiúntacha.

Tuairiscíodh gur dhócha go mbeadh laghdú ar an airgead a bheidh ag teacht isteach ó dhíolacháin ÁIS in 2020.

## **05.180 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na pointí seo a leanas:

- **Cruinnithe agus Ócáidí**

Tagraíodh don chur i láthair ar an bpleanáil teanga a rinne an Príomhfheidhmeannach do chomhairleoirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe mar chuid de shraith de chuir i láthair do na Comhairlí Contae ar fad a bhfuil Baile Seirbhíse Gaeltachta nó Líonra Gaeilge faoina limistéar.

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú le Tuairisc, Nós agus Comhar maidir le Scéimeanna na Meán Gaeilge Clóite agus ar Líne.

Cuireadh in iúl go raibh an-tóir ar phodchraoltaí de chuid Motherfoclóir a ndearna Foras na Gaeilge urraíocht orthu mar chuid d'fheachtas #Foras20

Ardaíodh ceist ar tháinig aon eolas ar ais chugainn ón gcruinniú leis na hAiri ó thuaidh maidir leis an staid eacnamaíochta i ndiaidh na géarchéime nó maidir le cúrsaí airgeadais sa todhchaí.

Cuireadh in iúl nach bhfuil teagmháil oifigiúil faighte maidir le ceist an airgid bhreise ó na Ranna.

Ardaíodh ceist maidir le staid an phróisis a bhaineann le Scéim na nIonad Gaeilge agus leis an gcás gnó a bhaineann leis. Cuireadh in iúl go bhfuil an scéim sin réidh agus go bhfuil daoine ag obair ar chás gnó don scéim faoi láthair le cur faoi bhráid na Roinne Pobal.

### **Aguisín 1- Páipéar Eolais ar ainmniúcháin do Sheanad Éireann**

Cuireadh an páipéar eolais faoi bhráid an Bhoird.

Cuireadh in iúl gur páipéar atá ann a ullmháíodh mar fhreagra ar cheist a d'ardaigh Comhalta Boird ag an gCruinniú Boird deireanach maidir le cead a bheith ag Foras na Gaeilge ainmniúcháin a dhéanamh don Seanad.

Cuireadh in iúl gur féidir le Foras na Gaeilge iarratas a chur isteach le bheith san áireamh mar eagraíocht ainmniúcháin ar an liosta agus go ndéantar sin idir an 15 Eanáir agus an 14 Feabhra gach bliain.

Cuireadh in iúl nach bhfuil deifir maidir le cinneadh ar an gceist seo mar nach mbeadh deis ainmniúcháin a dhéanamh go dtí an chéad toghchán eile i.e. i mí Eanáir 2021. Cuireadh in iúl go mbeadh rún i gceist le moltóir agus cuiditheoir agus go mbeadh critéir le leagan síos ag an mBord maidir leis na cineálacha daoine a bheadh an Foras sásta a ainmniú. Socraíodh fanacht go mbeadh Bord iomlán ann sula ndéanfaí cinneadh ar an gceist.

### **Aguisín 2- Páipéar Eolais ar an gcur chuige le tearc-chaitheas a íosmhéadú**

Cuireadh an páipéar eolais faoi bhráid an Bhoird.

Cuireadh in iúl gur cuireadh páipéar maidir le tearc-chaitheas ar fáil don Bhoird i mí na Nollag 2018.

Cuireadh in iúl gur gnáthrud é an tearc-chaiteachas. Tuairiscíodh gurb é an sprioc atá againn nach mbeadh airgead fágtha ag Foras na Gaeilge ag deireadh na bliana nár caitheadh go héifeachtach. Cuireadh in iúl go ndearnadh cinntí i leith tearc-chaiteachais i mí an Mhárta na bliana seo agus gur cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadail éagsúla, a bhfuil cuntas orthu i dTuairisc na hArdbhainistíochta.

Aithníodh nach bhféadfaí a bheith cinnte go fóill cé acu an mbeidh campaí samhraidh srl. ag tarlú nó nach mbeadh, agus cé acu a bheidh tearc-chaiteachas sa réimse seo nó nach mbeadh. Cuireadh in iúl go dtabharfaí tosaíocht do Scéim na bhFéilte agus Scéim na gCompántas Drámaíochta maidir le tearc-chaiteachas, mar a bhí aontaithe ag an mBord.

Cuireadh in iúl go bhfuil plé á dhéanamh ar thionscadail eile ar féidir maoiniú a chur ar fáil dóibh chun cuidiú le grúpaí éagsúla a bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn acu.

Cuireadh béim ar an tábhacht a bhain leis an pobal agus grúpaí éagsúla a chur ar an eolas faoi aon mhaoiniú breise ionas nárbh iad na grúpaí céanna i gcónaí a bhfaighfí iarratas uathu gach bliain.

Ardaíodh an pointe gur chóir grúpaí a chur ar an eolas faoin gciste breise chomh fada roimh ré agus ab fhéidir agus gur chóir a bheith cothrom do ghrúpaí agus critéir a bheith ann don phróiseas, mar aon le modh measúnaithe. Moladh gur chóir tús áite a thabhairt don phobal agus gur chóir an luach is fearr ar airgead a chinntiú.

Nótáil an Bord an dá pháipéar eolais.

### **Scéim na Meán Gaeilge Clóite agus ar Líne**

Cuireadh in iúl go bhfuil trí chéim i gceist le Scéimeanna na Meán Gaeilge Clóite agus ar Líne agus go bhfuiltear ag an tríú céim anois, is é sin buiséid tháscacha a aontú do na trí phríomheagraíocht.

Cuireadh in iúl go raibh cruinnithe leis na trí phríomheagraíocht le déanaí agus go bhfuil ciste de €500,000 ar fáil do na scéimeanna. Tuairiscíodh gur iarradh ar Thuairisc agus ar Nós cáipéis maidir lena riachtanais agus lena dtosaíochtaí buiséid a chur ar fáil don Fhoras, ach nach bhfuarthas aiseolas ó Thuairisc go dtí tráthnóna inné, agus go bhfuiltear ag fanacht go fóill ar aiseolas ó Nós maidir lena riachtanais.

Ghlac an Bord leis an moladh go gcuirfí buiséid na bpríomheagraíochtaí faoina mbráid ag an gCruinniú Boird ar an 5 Meitheamh.

### **Scéim Pobal Gaeilge**

Meabhraíodh don Bhord go bhfuil síneadh ama go deireadh na bliana curtha leis an SPG reatha, go raibh cruinniú leis na Ranna i lár mhí Feabhra 2020 agus gur faomhadh cáipéis chomhairliúcháin cheana féin. Cuireadh in iúl go bhfuil seans ann go mbeadh síneadh ama eile á lorg toisc gan cead a bheith tugtha ag na Ranna tús a chur leis an gcomhairliúchán, agus toisc impleachtaí na géarchéime reatha ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Ardaíodh ceist ar chóir an próiseas comhairliúcháin poiblí don SPG nua a dhéanamh ar líne agus moladh bogadh ar aghaidh leis sin chomh luath agus ab fhéidir.

Cuireadh in iúl go bpléifí an cheist seo arís ag an gCruinniú Boird ar an 5 Meitheamh.

## **06.180 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

### **Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 3 Aibreán.

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Gradaim Fhoilsitheoireachta 2020 agus glacadh leis.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Iarrthóir</b>	<b>Tionscadal</b>	<b>Méid Iarrtha €/</b>	<b>Méid Molta 2020 €/</b>
2001017	Oireachtas na Gaeilge	Riar a dhéanamh ar Ghradaim Fhoilsitheoireachta 2020	€27,000	€27,000

### **D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.**

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na gCampaí Samhraidh 2020 agus glacadh leo.

<b>Ainm na Scéime</b>	<b>Líon Iarratais</b>	<b>Líon Iarratais Molta</b>	<b>Méid Molta 2020 €/</b>	<b>Méid Molta 2020 £/</b>
Scéim na gCampaí Samhraidh 2020	92	89	€91,360.50	£84,960.00

### **D'fhill M. Ní Chonghaile ar an gcruinniú.**

#### **An Coiste Iniúchta**

Thug cathaoirleach an choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 30 Márta.

Ardaíodh an pointe go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh nóta sa tuairisc a thabharfadh aird ar phointí suntasacha, mar shampla, gur ar Skype a tionóladh an cruinniú agus go raibh ionadaí ón ARC&C i láthair.

Cuireadh in iúl go bhfuil trí pholasaí faoi bhráid an Bhoird inniu le faomhadh.

D'fhaomh an Bord an polasaí sceithireachta athbhreithnithe, an polasaí calaoise athbhreithnithe agus an polasaí bainistiú rioscaí athbhreithnithe.

Faomhadh an leagan leasaithe de Chlár Riosca 2020.

#### **An Coiste Osradhairc**

Thug cathaoirleach an choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 6 Aibreán.

## **07.180 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 MÁRTA 2020**

Pléadh an Ráiteas Caiteachais go 31 Márta 2020 agus ghlac an Bord leis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas;

- i. nach bhfuil impleachtaí ghéarchéim Covid-19 le feiceáil ar an Ráiteas Caiteachais go fóill de bharr gur Ráiteas go deireadh Mhárta atá ann
- ii. go bhfuil difríocht de €1 milliún sa Ráiteas Caiteachais ag 31 Márta idir ioncam agus caiteachas toisc na n-íocaíochtaí chun tosaigh a cheadaigh na Ranna Coimircíochta
- iii. go bhfuiltear ar sprioc maidir le cúrsaí caiteachais
- iv. go bhfuil súil ghéar á coinneáil ar chúrsaí díolacháin ÁIS agus go raibh cúrsaí díolacháin leabhair ÁIS an-mhaith i Ráithe 1, ach go mbeadh srianta ar chumas Fhoras na Gaeilge leabhair a sheachadadh sna míonna amach romhainn agus go mbeadh na himpleachtaí a bhaineann leis sin le feiceáil sa chéad Ráiteas Caiteachais eile
- v. go mbeadh airgead le hathdháileadh sna míonna amach romhainn

Cuireadh in iúl go leagfaí Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2017 os comhair Thithe an Oireachtais agus an Tionóil ó thuaidh an tseachtain dar tús Luan 20 Aibreán.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.

### **08.180 Tosaíochtaí maidir le Tearc-chaiteachas 2020**

Tuairiscíodh go bhfuil iarratais ar scéimeanna ag teacht isteach go fóill agus go mbeadh tuilleadh ag teacht isteach sna míonna amach romhainn.

Cuireadh in iúl go bhfuil tuairimí an Bhoird agus a dtosaíochtaí maidir le hairgead a bheidh le hathdháileadh á lorg inniu.

I measc na moltaí maidir le tosaíochtaí don tearc-chaiteachas in 2020 bhí;

- i. tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí Ardteiste de bharr na géarchéime
- ii. ceardlanna drámaíochta/cumarsáide srl. a chur ar fáil do dhaltaí a bheadh ag freastal ar chúrsaí Gaeltachta de ghnáth.
- iii. go bhfuil sé tábhachtach a bheith airdeallach ar na grúpaí a bhíonn ag brath ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge agus cuidiú leo an t-airgead sin a chur i dtreo rudaí eile
- iv. dul i dteagmháil le campaí agus le coláistí samhraidh chun a gcuid smaointe a lorg maidir leis an gcaoi le maoiniú a chaitheamh agus maidir lena gcuid oibre a chur in oiriúint don ghéarchéim
- v. tacaíocht ar nós uasghrádú ar Zoom a chur ar fáil do ghrúpaí
- vi. cuid de chritéir na scéimeanna a athrú le freastal ar chúinsí reatha

Cuireadh in iúl go bhfuil fóram múinteoirí ag Gael Linn atá ag obair le múinteoirí agus le daltaí agus go mbeifí i dteagmháil le COGG maidir leis seo freisin.

Cuireadh in iúl go dtabharfaí na moltaí ar fad san áireamh agus tosaíochtaí á leagan amach don tearc-chaiteachas.

Aontaíodh go gcaithfeadh Foras na Gaeilge a bheith freagrach, cothrom agus tuisceanach maidir le deontaithe le linn na géarchéime reatha.

### **09.180 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

### **10.180 AON GHNÓ EILE**

Gabhadh buíochas leis an bhfoireann as an obair atá curtha isteach acu chun na dúshláin a bhaineann le géarchéim Covid-19 a shárú.

---

**Pól Ó Gallchóir**  
**Cathaoirleach**  
**5 Meitheamh 2020**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020**

	24/01/2 0	06/03/2 0	17/04/2 0	05/06/2 0	24/07/2 0	18/09/2 0	30/10/2 0	11/12/2 0
Pól Ó Gallchóir	✓	✓	✓					
Conor McGuinness	✓	✓	✓					
Barra Ó Muirí	✓	X	✓					
Maighréd Ní Chonghaile	X	✓	✓					
Mairéad Farrell	X							
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓					
Sorcha Ní Chéide	X	✓	✓					
Niall Ó Gallochobhair	X	✓	✓					



## Scéim na gCampaí Samhraidh 2020

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Uimh. Thag.	Ainm an Eagrais	Méid Molta €	Méid Molta £
2001013.01	Ag Tógáil Clainne le Gaeilge		1,750.00
2001013.02	An Campa Gaelach, Muineachán	1,710.00	
2001013.03	An Chloch Fhada CLG		1,750.00
2001013.04	An Droichead		1,750.00
2001013.05	An Gaeláras LTD		1,750.00
2001013.06	Áras na nGael	2,500.00	
2001013.07	Bunscoil Naomh Críostóir	1,500.00	
2001013.08	Cairde Bhunscoil an Traonaigh		1,750.00
2001013.09	Cairde na Gaelscoile		1,750.00
2001013.10	Cairde Teo		1,750.00
2001013.11	Cairdeas Eoghain		1,750.00
2001013.12	Cairdeas, Kilmovee Family Resource Centre	2,492.00	
2001013.13	Campa Chormaic		1,750.00
2001013.15	Campa Chormaic an tSléibhe Dhuibh		1,750.00
2001013.16	Campa Chormaic Aontroma		1,750.00
2001013.17	Campa Chormaic Dhoire		1,750.00
2001013.18	Campa Gaeilge Chorcaí	1,450.00	
2001013.19	CLG Bhaile Buadáin Naomh Éanna	1,425.00	
2001013.20	Club Óige Luraigh		1,750.00
2001013.21	Club óige Setanta		1,750.00
2001013.22	Club Spraoi		1,750.00
2001013.23	Coiste Champa Chormaic		1,750.00
2001013.25	Coiste Forbartha Charn Tóchair		1,750.00
2001013.26	Coiste Ghaeloideachais Chromghlinne		1,750.00
2001013.27	Coláiste Bhlinne		1,750.00
2001013.28	Conradh na Gaeilge	2,500.00	
2001013.29	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar		1,750.00
2001013.30	Conradh na Gaeilge, Craobh na Deirge		1,750.00
2001013.31	Cormeen Sports Complex	2,410.00	
2001013.32	Craobh An Phiarsaigh - Conradh na Gaeilge	2,225.00	
2001013.33	Craobh Uileog De Búrca - Conradh na Gaeilge	2,225.00	
2001013.34	Croí Éanna		1,750.00
2001013.35	Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich		1,750.00
2001013.36	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain		1,750.00
2001013.37	Cumann Gaelach Leath Chathail		1,750.00

2001013.38	Cumann na Sáirséalach		1,750.00
2001013.39	Cumann Óige Átha an Rí	2,500.00	
2001013.40	Cumann Óige na bhFál		1,750.00
2001013.41	Cumann Óige Uachtar Chluanaí		1,750.00
2001013.42	Cumann Óige Uí Dhochartaigh		1,750.00
2001013.43	Feachtas Óg- Ghluaiseacht Gaeilge	2,500.00	
2001013.44	Gaeilge le Chéile, Cill Chainnigh	2,500.00	
2001013.45	Gaeilge Locha Riach	2,500.00	
2001013.46	Gaelchampa Eiscir	2,500.00	
2001013.48	Gaelscoil Áine	2,500.00	
2001013.49	Gaelscoil an Chaistil		1,550.00
2001013.50	Glór an Ghleanna		1,750.00
2001013.51	Glór an Tearmainn		1,750.00
2001013.52	Glór Mhachaire Fíolta		1,750.00
2001013.53	Glór na Móna		1,750.00
2001013.54	Glór na Speiríní		1,750.00
2001013.55	Glór Uachtar Tíre		1,750.00
2001013.56	Greencastle Youth Club		1,750.00
2001013.57	Ionad Pobail Dhroichead Mhaigh Eo		1,750.00
2001013.58	Ionad Uíbh Eachach		1,750.00
2001013.59	Kileen National School	2,500.00	
2001013.60	Lecanvey Community Centre	2,200.00	
2001013.61	M.C.P Baile na nGallogach	2,450.00	
2001013.62	Meitheal Cúntóirí Phobal Dé		1,750.00
2001013.63	Na Gaeil Óga CLG	2,500.00	
2001013.64	Na Sáirséalaigh Leamhcáin CLG	2,447.00	
2001013.65	Naíonra an tSléibhe Dhuibh		1,750.00
2001013.66	Naíonra Léim an Bhradáin	1,800.00	
2001013.67	Naíscóil an Chéide		1,750.00
2001013.68	Naíscóil na Banna		1,750.00
2001013.69	Naíscóil na Caille		1,750.00
2001013.70	Naíscóil na Fíobha		1,160.00
2001013.71	Ógras	2,500.00	
2001013.72	Ógras na hÓmaí		1,750.00
2001013.73	Old Coolattin Country CLG	2,500.00	
2001013.74	Scoil na Fuiseoige		1,750.00
2001013.75	Spraoi agus Spórt Family Centre Ltd	2,500.00	
2001013.76	Spraoi le Gaeilge		1,750.00
2001013.77	St John Bosco GAC		1,750.00
2001013.78	Súgradh Sa Samhraidh	1,800.00	
2001013.79	Teach Abhaile	2,500.00	
2001013.80	The Hive Youth Hub, Kildare Town	2,000.00	

2001013.81	Valentia Community Health and Welfare Ass CLG	2,500.00	
2001014.01	Ógras	2,500.00	
2001014.02	Ógras	2,500.00	
2001014.03	Ógras	2,500.00	
2001014.04	Ógras	2,492.50	
2001014.05	Ógras	2,115.00	
2001014.06	Ógras	2,390.00	
2001014.07	Ógras	1,930.00	
2001014.08	Ógras	1,904.00	
2001014.09	Ógras	2,450.00	
2001014.10	Ógras	2,445.00	
2001014.11	Ógras	2,500.00	

**Iomlán**            €91,360.50    £84,960.00

## **Miontuairiscí ón 181ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine an 5 Meitheamh 2020 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí, M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile

**Leithscéal:** N. Ó Gallochobhair

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus L. Ní Fhaogáin

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Gabhadh buíochas le L. Ní Fhaogáin agus M. Ó Maolruanaidh as na socruithe teicniúla a dhéanamh do na cruinnithe.

Cuireadh in iúl go bhfuil córam ann don chruinniú inniu agus gurb ionann faoi láthair triúr Comhaltaí Boird agus córam go dtí go líonfar na folúntais ar an mBord, nuair a bheidh rialtas ó dheas ann.

### **01.181 MIONTUAIRISCÍ**

Ghlac an Bord le Miontuairiscí an 17 Aibreán 2020 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.181 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

### **03.181 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa ag M. Ní Chonghaile agus C. Mc Guinness i dtaca le SPG.

### **04.181 COVID-19**

Thug S. Ó hEidhin tuairisc maidir le socruithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas;

- go bhfuil plean dréachtaithe agus céimeanna athoscailte oifigí Fhoras na Gaeilge á n-ullmhú bunaithe ar phleananna an dá rialtas
- gurb é an 10 Lúnasa an dáta atá luaite maidir le filleadh ar na hoifigí, de réir threoir an rialtais ó dheas
- go bhfuil plé idir lámha maidir le leasuithe féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar na céimeanna
- go mbeidh foireann bheag ag filleadh ar na hoifigí roimh an 10 Lúnasa chun na hoifigí a ullmhú;
- go bhfuil coiste bunaithe ag an roinn ó dheas chun an deis a chur ar fáil do ghrúpaí teacht le chéile agus eolas a roinnt
- go bhfuil acmhainní daonna le bainistiú; go bhfuil suirbhé le cur ar an bhfoireann sula n-osclofar na hoifigí, chun eolas a bhailiú maidir le dearcadh na foirne i dtaca le filleadh ar an obair

- go bhfuil laethanta saoire á nglacadh ag an bhfoireann mar atá molta
- go mbainfeadh dúshlán ar leith le cúrsaí taistil chun na n-oifigí, le cúrsaí páirceála srl. agus na hoifigí ar oscailt arís
- go bhfuil ball foirne amháin ar ais ag obair i dtrádstóras ÁIS
- go bhfuil córas eisceachtúil athdháilte agus athphleanáil ar Phlean Gnó 2020 idir lámha
- go bhfuil fócaíochtaí á bpróiseáil mar is gnách
- go mbíonn cruinnithe seachtainiúla ag an meitheal leanúnachais gnó
- go bhfuil na rioscaí a bhaineann le Covid-19 sonraíthe ar an gClár Rioscaí
- go mbíonn teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na Ranna
- go bhfuil obair ar siúl maidir le cúrsaí cumarsáide ar na meáin shóisialta agus ar shuíomh idirlín Fhoras na Gaeilge

Cuireadh in iúl gur ábhar misnigh é do na Comhaltaí Boird go bhfuil Foras na Gaeilge ag feidhmiú go héifeachtach le linn na géarchéime.

### **Tháinig C. Mc Guinness i láthair an chruinnithe.**

#### **05.181 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na pointí seo a leanas:

- **Cruinnithe agus Ócáidí**
  1. Bhí sraith de chruinnithe ag baill éagsúla foirne le deontaithe i réimsí éagsúla le plé a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann leis an éigeandáil
- **Eolas Eile**
  2. Seoladh profaí an fhoiclóra nua Béarla Gaeilge chuig an gcomhlacht clódóireachta ar an 4 Bealtaine 2020. Tá súil leis na cóipeanna go luath sa samhradh.

Fógraíodh comhairliúchán 8 seachtaine ar an 29 Bealtaine ar an gcur chuige úr do SPG agus ar an gcéad bhabhta eile a tharlóidh in 2021. Cuireadh in iúl go bhfuil ócáidí fíorúla á bpleanáil mar chuid den phróiseas comhairliúcháin chun deis a thabhairt don phobal a gcuid smaointe ar an scéim nua a roinnt linn.

Fógraíodh an Ciste Tionscadal ar 3 Meitheamh agus tuairiscíodh go bhfuil an-spéis léirithe ann cheana féin.

D'ainmnigh an Chomhairle Ealaíon ó dheas Á. Ní Ghlinn, file, údar, léirmheastóir agus comhordaitheoir ar Scéim Mheantóireachta Fhoras na Gaeilge mar Laureate na nÓg.

Bhuaigh Máire Zepf, údar Gaeilge as Co. An Dúin, agus meantóir ar Scéim na Meantóireachta an phríomhdhuais do Leabhar na Bliana ag Gradaim Leabhair Páistí na hÉireann KPMG.

Tuairiscíodh go bhfuil ag éirí go maith leis an bhfeachtas #leChéile agus go bhfuil breis maoinithe curtha ar fáil dó.

Tuairiscíodh gur bliain dhúshlánach atá ann ó thaobh an méid airgid a bheidh le hathdháileadh.

Cuireadh in iúl go bhfuil maoiniú curtha ar fáil don Chóras Creidiúnaithe d'Aistritheoirí ach nach bhfuiltear cinnte go fóill cé acu a bheidh an scrúdú ag deireadh na bliana ar siúl go fíorúil nó go fisiciúil.

### **Moladh maidir le Peig.ie**

Ghlac an Bord leis an moladh uasmhéid de €20,000 de mhaoiniú breise a chur ar fáil do Chonradh na Gaeilge le feabhsuithe a dhéanamh ar an suíomh gréasáin PEIG.

Cinneadh an plé maidir le SPG a chur siar go deireadh an chruinnithe, de bharr baol coimhlintí leasa.

Tugadh suntas don fheachtas #leChéile agus moladh an iarracht agus an obair atá déanta ar an bhfeachtas seo. Ardaíodh pointe go bhfuil an feachtas ag dul i bhfeidhm ar dheiseanna do phobal na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann agus á leathnú.

### **Cúrsaí Corparáideacha**

Ardaíodh ceist maidir leis an gcruinniú leis na hAirí ó thuaidh D. Hargey agus C. Murphy agus na pleananna maoiniú a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge amach anseo. Tuairiscíodh go bhfuil deacracht ann maoiniú a chur ar fáil agus cinntí a dhéanamh toisc nach bhfuil rialtas ann ó dheas faoi láthair. Cuireadh in iúl go raibh plé leis an dá stiúrthóir Gaeilge sa dá roinn agus go mbeadh cruinniú leis na Ranna an tseachtain seo chugainn chun plé a dhéanamh ar shocruithe maidir le Líonraí Gaeilge. Cuireadh in iúl go bhfuil cás gnó don Scéim Ionad Gaeilge curtha faoi bhráid na Ranna.

Ardaíodh ceist maidir leis an gcruinniú gutháin a bhí ag an bPF le PF nuacheaptha na Comhairle Ealaíon ó dheas, Maureen Kennelly. Cuireadh in iúl gur cruinniú fáiltithe agus eolais a bhí sa chruinniú inar pléadh tábhacht na n-ealaíon ó thaobh na Gaeilge de agus an tábhacht go mbeadh imeachtaí Gaeilge curtha san áireamh ag na hionaid ealaíne a bhfuil Gaelscoil, Baile Seirbhíse Gaeltachta, Líonra Gaeilge srl. ina limistéar.

Faomhadh Tuairisc na hArdbhainistíochta.

### **Aguisín 1- An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge – Plécháipéis mar gheall ar sheoladh an fhoclóra chlóite**

Cuireadh in iúl go bpléifí an phlécháipéis ar an bhFoclóir faoi mhír 7.

### **Aguisín 2- Tuairiscí ar chruinnithe fíorúla le deontaithe**

Tugadh tuairisc dhearfach ar na cruinnithe le déanaí le deontaithe agus aontaíodh gur fiú a leithéid de chruinnithe a réachtáil go rialta amach anseo. Tuairiscíodh go mbeifí ag feidhmiú ar na moltaí ó na cruinnithe sin sna seachtainí romhainn.

Mhol an Bord an t-ualach mór oibre atá déanta ag an bhfoireann leis na cruinnithe seo.

Ardaíodh ceist cé acu a bheadh Oireachtas na Gaeilge ag dul ar aghaidh nó an mbeadh ócáidí fíorúla á réachtáil don fhéile. Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú ag Coiste Stiúrtha an

Oireachtas go luath, agus go bpléifí an cheist ansin. Aontaíodh gur fiú tacaíocht a chur ar fáil chun imeachtaí fíorúla a shocrú.

Nótáil an Bord an páipéar eolais.

## **06.181 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

### **Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an ggruinniú ar an 22 Bealtaine.

### **Moladh maidir le hEarnáil na Meán Gaeilge**

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le hEarnáil na Meán Gaeilge agus glacadh leis.

Moltar go gceadófar deontas-i-gcabhair ar bhonn tréimhse conartha 5 bliana (ó 01 Iúil 2020 go 30 Meitheamh 2025) do thrí eagraíocht mar a leanas leis na foilseacháin reatha a chur amach:

1. **Tuairisc.ie** – uasmhéid de **€1,700,000** (€340,000 pa x 5)
2. **Comhar** – uasmhéid de **€400,000** (€80,000 pa x 5)
3. **Nós.ie** – uasmhéid de **£339,000** (£67,800 pa x 5)

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim Cholmcille agus glacadh leis.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Iarrthóir</b>	<b>Tionscadal</b>	<b>Méid Iarrtha £/</b>	<b>Méid Molta 2020 £/ 2021 £/</b>
C20008	An tUltach	Beatha Cholm Cille	£9,000	£8,500

Rinne an Coiste an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim le tacaíocht margadóchta a sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Gaeilge agus glacadh leis.

<b>Ainm na Scéime</b>	<b>Méid Molta 2020 €</b>	<b>Méid Molta 2021 €</b>	<b>Méid Molta 2022 €</b>
Scéim le tacaíocht margadóchta a sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Gaeilge	€50,000	€80,000	€80,000

Cuireadh plépháipéar maidir le hathbhreithniú ar Chritéir Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon, Scéim na gCompántas Drámaíochta agus Scéim na bhFéilte faoi bhráid an Bhoird agus tugadh suntas dó.

Nótáil an Bord Leasú Buiséid do Ghaeloideachas.

### **An Coiste Osradhairc**

Thug cathaoirleach an choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an ggruinniú ar an 11 Bealtaine.

## **07.181 AN FOCLÓIR CLÓITE**

Thug J. Ó Labhraí tuairisc ar staid reatha an Fhoclóra.

Cuireadh an phlécháipéis mar gheall ar sheoladh an Fhoclóra faoi bhráid an Bhoird. Tuairiscíodh go bhfuil socrúithe á bpleanáil do sheoladh fíorúil agus do sheoladh ar an láthair i gCeannáras Fhoras na Gaeilge le linn an fhómhair. Cuireadh in iúl go bhfuiltear ag iarraidh dul i bhfeidhm ar ghnáthphobal na tíre agus ócáid a reáchtáil a mheallfadh aird an phobail. Tuairiscíodh go bhfuil na Ranna sásta leis an gcur chuige atá molta agus gur mhaith linn moltaí a fháil ó na Comhaltaí Boird sula ndéantar cinntí.

Rinneadh comhghairdeas le foireann an Fhoclóra agus moladh na pleananna agus an phlécháipéis.

Moladh cothromaíocht thar na haoisghrúpaí, maidir le hinscne, cóimheas idir pobal na Gaeltachta, pobal gníomhach labhartha Gaeilge agus eile don ócáid.

Cuireadh in iúl go dtiocfaí ar ais chuig an mBord le plean cinnte don seoladh ag cruinniú mhí Iúil.

## **08.181 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 AIBREÁN 2020**

Pléadh an Ráiteas Caiteachais go 30 Aibreán 2020 agus ghlac an Bord leis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas;

- go bhfuil cuid de na hiarmhairtí a bhaineann le Covid-19 le feiceáil ar an Ráiteas Caiteachais den chéad uair
- go léiríonn na graif go bhfuilimid chun tosaigh ar an áit a rabhamar ag an am seo anuraidh ó thaobh caiteachais de
- go léiríonn na graif chaiteachais go bhfuil níos mó caite ar chúrsaí corparáideacha ná blianta eile
- go bhfuil impleachtaí maidir le trádstoras ÁIS a bheith dúnta ar feadh tréimhse le feiceáil ar an Ráiteas Caiteachais
- go mbaineann an chuid is mó den airgead, atá tagtha ar ais ó réimsí éagsúla cheana féin, le himeachtaí nach dtarlóidh i mbliana; féilte, mór-imeachtaí ealaíon, campaí samhraidh srl, mar shampla
- go bhfuil súil ghéar á coinneáil ar an Ráiteas Caiteachas maidir leis an airgead nach mbeimid in ann a chaitheamh de réir an bhuiséid a bhí socraithe
- go mbeadh caiteachas i gceist le hathoscailt na n-oifigí; chun glóthach alcóil a cheannach, na hoifigí a ghlanadh, gléasanna a chur ar na doirse, comharthaíocht a chrochadh srl.

Cuireadh in iúl go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar Phlean Gnó 2020, go mbeidh na hathruithe molta le cur faoi bhráid an Bhoird, agus an plean athbhreithnithe faofa le cur chuig na Ranna. Tuairiscíodh go bhfuiltear ag iarraidh airgead a fhágáil le deontaithe chomh fada agus is féidir ach gur gá a chinntiú freisin go bhfuil luach ar airgead á fháil.

Cuireadh in iúl go bhfuil an Bord muiníneach go gcaithfear an t-airgead sna háiteanna a bhfuil sé de dhíth, agus moladh solúbthacht maidir le sprioc-amanna srl.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.



## **Ráiteas ar Rialúchán Inmheánach**

Cuireadh an Ráiteas ar Rialúchán Inmheánach do 2019 faoi bhráid an Bhoird, agus faomhadh é.

### **09.181 COMHFHREAGRAS**

Cuireadh in iúl go bhfuarthas litir ó na sé Cheanneagraíocht maidir le cúrsaí fostaíochta ina n-eagraíochtaí. Tuairiscíodh gur seoladh freagra agus go mbeidh cruinniú á shocrú go luath.

### **10.181 AON GHNÓ EILE**

Ardaíodh ceist maidir le heagraíocht a bhí i gcruachás de bharr Covid-19, ach nár cháiligh do cheann ar bith de na tionscnaimh tharrthála a bhí curtha i bhfeidhm ag an Rialtas ó thuaidh. Iarradh go ndéanfaí an scéal a fhiosrú agus go bpléifí na deacrachtaí agus na nithe is féidir a dhéanamh chun cuidiú leo.

**D'fhág M. Ní Chonghaile agus C. Mc Guinness an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.**

### **Moladh maidir le Scéim Pobal Gaeilge**

Tuairiscíodh go raibh cead tagtha ó na Ranna comhairliúchán poiblí a chur ar bun don SPG nua ach toisc go raibh moill 4 mhí curtha leis an bpróiseas nach mbeimid in ann cloí leis an gclár ama a bhí socraithe roimhe seo, agus mar sin de, go mbeadh síneadh ama breise de dhíth do na deontaithe reatha.

Glacadh leis an moladh go gceadófaí síneadh ama sé mhí don 22 dheontaí reatha faoin Scéim Pobal Gaeilge don tréimhse ó 1 Eanáir 2021 go 30 Meitheamh 2021 de luach €434,588.

Tuairiscíodh gur phléigh oifigigh de chuid Fhoras na Gaeilge na moltaí sa cháipéis comhairliúcháin le réimse de pháirtithe leasmhara, Glór na nGael, Conradh na Gaeilge, agus na deontaithe reatha san áireamh, agus go raibh tuairimí ón réamhchomhairliúchán sin curtha san áireamh sna moltaí sa cháipéis comhairliúcháin.

Tuairiscíodh gur scéim iomaíoch a bheadh ann, agus go mbeadh na deontais ag brath ar chaighdeán na n-iarratas.

Cuireadh in iúl go mbeadh an chéad Chruinniú Boird eile ar siúl ar an 24 Iúil 2020.

---

**Pól Ó Gallchóir**  
**Cathaoirleach**  
**24 Iúil 2020**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020**

	24/01/2 0	06/03/2 0	17/04/2 0	05/06/2 0	24/07/2 0	18/09/2 0	30/10/2 0	11/12/2 0
Pól Ó Gallchóir	✓	✓	✓	✓				
Conor McGuinness	✓	✓	✓	✓				
Barra Ó Muirí	✓	<b>X</b>	✓	✓				
Maighr�ad N� Chonghaile	<b>X</b>	✓	✓	✓				
M�aire N� Neachtain	✓	✓	✓	✓				
Sorcha N� Ch�eide	<b>X</b>	✓	✓	✓				
Niall � Gallochobhair	<b>X</b>	✓	✓	<b>X</b>				

## **Miontuairiscí ón 182ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 24 Iúil 2020 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí, M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile agus N. Ó Gallochobhair

**Leithscéal:** Ní raibh aon leithscéalta ann

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí, L. Ní Fhaogáin agus K. Johnston

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Cuireadh fáilte roimh K. Johnston agus cuireadh in iúl go mbeadh seisean ag plé le cruinnithe Boird in ionad L. Ní Fhaogáin go dtí mí Eanáir.

Cuireadh in iúl go bhfuil Airí nua ceaptha ó dheas chun plé le cúram na Gaeltachta agus na Gaeilge. Cuireadh in iúl go bhfuil teagmháil déanta ag Foras na Gaeilge leo le comhghairdeas a ghabháil leo as a gceapachán agus le cruinnithe a shocrú.

Gabhadh comhghairdeas le foireann an Fhoclóra Nua Béarla Gaeilge, P. Ó Mianáin, S. Ó Murchú, C. Convery, C. Breathnach agus C. O'Dowd agus lena stiúrthóir J. Ó Labhraí as an bhfoclóir a chur i gcló.

### **01.182 MIONTUAIRISCÍ**

Ghlac an Bord le Miontuairiscí an 05 Meitheamh 2020 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.182 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

Rinneadh plé ar an nós a bhíodh ag Foras na Gaeilge achoimre i mBéarla de mhiontuairiscí Boird a chur ar shuíomh Fhoras na Gaeilge i gcomhthéacs stádas oifigiúil na Gaeilge mar chuid den chomhaontú ó thuaidh. Aontaíodh nár ghá anois leanúint leis an nós.

### **06.181 Tuairisc Ó Choistí Fhoras Na Gaeilge**

#### **Coiste na nDeontas – Moladh maidir le hEarnáil na Meán Gaeilge NÓS.ie**

Ghabhadh leithscéal as earráid a bhí sna cáipéisí Boird maidir le maoiniú a chur ar fáil do NÓS, agus dúradh gur £68,800 x 5 bliana ba chóir a bheith i gceist seachas £67,800 x 5 bliana, mar a cuireadh faoi bhráid an Bhoird ag Cruinniú Boird 5 Meitheamh.

D'fhaomh an Bord maoiniú a chur ar fáil do NÓS faoi na téarmaí ceartaithe seo.

Cuireadh in iúl nach raibh litir thairisceana sínithe faighte ar ais ó na heagraíochtaí meáin Ghaeilge ar sprioc agus lorgaíodh cead dátaí na gconarthaí a athrú de réir mar ba ghá.

Glacadh leis an moladh dátaí na gconarthaí a athrú de réir mar ba ghá.

Cuireadh in iúl go bhfuil eolas maidir le hócáid seolta an Fhoclóra Nua Béarla Gaeilge curtha ar fáil ar Decision Time, agus go bhfuil cóip den Fhoclóir curtha chuig Comhaltaí Boird sa phost.

### **10.181 Aon Ghnó Eile**

Tuairiscíodh go raibh cruinniú le déanaí ag an Aire Pobal ó thuaidh le heagraíocht a bhí i gcruachás de bharr Covid-19, ach nár cháiligh do cheann ar bith de na tionscnaimh tharrthála a bhí curtha i bhfeidhm ag an Rialtas ó thuaidh.

### **03.182 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa mar seo a leanas ag comhaltaí:

- M. Ní Chonghaile i dtaca le Scéim na bhFéilte, Scéim na nImeachtaí Óige agus Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíona.
- M. Ní Neachtain i dtaca le Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíona, agus
- S. Ní Chéide i dtaca le Scéim na gCompántas Drámaíochta.

### **04.182 COVID-19**

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas;

- Gurb é an t-oibrí Trádstórais in ÁIS an t-aon bhall foirne atá ag obair go lánaimseartha ina ionad oibre faoi láthair;
- Go bhfuil brú ar sholáthróirí earraí sábháilteachta a sholáthar, go bhfuil moill áirithe sa phlean athoscailte dá bharr, agus go rabhthas ag súil leis an hoifigí a athoscailt ar bhealach céimnitheach i dtús mhí Lúnasa;
- Go bhfuil measúnú rioscaí curtha i gcrích i ngach oifig;
- Go bhfuil rangú déanta ar an bhfoireann le grúpaí a aithint chun filleadh ar na hoifigí, agus go bhfuil idir riachtanais ghnó agus chúinsí sláinte curtha san áireamh;
- Go mbeidh ionduchtú le déanamh ag gach ball foirne sula bhfillfidh siad ar an oifig;
- Go bhfuil prótacal in áit maidir le húsáid seomraí cruinnithe agus áiteanna comónta sna hoifigí; agus
- Go bhfuil comhairleoir ceaptha le comhairle a chur ar Fhoras na Gaeilge maidir leis an athoscailt.

Cuireadh ceist maidir le monatóireacht ar chostas an ábhair shábháilteachta. Soiléiríodh go bhfuiltear airdeallach ar luach ar airgead go ginearálta agus tairiscintí á lorg.

### **05.182 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na pointí seo a leanas:

## **2. Eolas eile**

### **An Scéim Pobal Gaeilge**

Dúnadh an tréimhse chomhairliúcháin phoiblí ar an 17/07/2020. Tuairiscíodh go bhfuarthas 45 aighneacht roimh an spriocdháta, agus gur tháinig a bhformhór ó cheantair a bhfuil deontaithe faoin SPG ag obair iontu. Cuireadh in iúl go mbeadh sainchomhairleoir neamhspleách ag déanamh anailísiú ar na haighneachtaí, agus go gcuirfí tuairisc ina leith faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú eile.

### **Athdháileadh Maoinithe**

Tarraingíodh aird an Bhoird ar na suimeanna airgid a athdháileadh go dtí seo sa bhliain.

### **3. Cúrsaí Foirne**

#### **Folúntas Ardoifigeach Feidhmiúcháin**

Cuireadh in iúl go bhfuil folúntas fógartha le haghaidh Ardoifigeach Feidhmiúcháin i gClár na Leabhar Gaeilge in oifig Ráth Chairn de bharr go bhfuil an bainisteoir reatha i gClár na Leabhar Gaeilge, C. Uí Mhéalóid, ag dul ar scor. Ghabh an Bord comhghairdeas agus buíochas léi as an méid atá bainte amach aici ó thosaigh sí i mBord na Leabhar Gaeilge in 2001, agus le Foras na Gaeilge in 2008. Guíodh ádh mór uirthi agus í ag dul ar scor.

#### **An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge**

Thug J. Ó Labhraí tuairisc ar an bhFoclóir Nua Béarla Gaeilge agus tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Tá an foclóir tagtha chuig trádstóras ÁIS;
- ii. Tá súil seachadtaí a dhéanamh faoi dheireadh mhí Lúnasa;
- iii. Táthar ag iarraidh seoladh an fhoclóra a nascadh leis an gCruinniú Boird i mí Mheán Fómhair, ionas go mbeidh Comhadtaí in ann freastal air;
- iv. Tá Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn, sásta an foclóir a sheoladh;
- v. Beidh Ciara Ní É mar bhean an tí don ócáid;
- vi. Beimid ag iarraidh ionadaíocht leathan ó phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar an ócáid.

Gabhadh comhghairdeas le foireann an Fhoclóra.

Moladh díriú ar phoiblíocht i measc an mhórphobail mar bhealach le haird an phobail a tharraingt ar an nGaeilge. Míníodh go bhfuil clár poiblíochta á chur le chéile i gcomhpháirt le Lorg Media a chuimseodh spriocmargaí éagsúla.

### **1. Cruinnithe**

#### **j) Bhí cruinniú fíorúil ag an SSF le Coiste Oifigeach Gaeilge na nÚdarás Áitiúil**

Rinneadh fiosrú maidir le sonraí an chruinnithe. Míníodh gur mar chuid de shraith cruinnithe le deontaithe agus páirtithe eile leasmhara le déanaí a d'eagraigh Foras na Gaeilge an cruinniú.

Faomhadh Tuairisc na hArdbhainistíochta.

### **06.182 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **Coiste na nDeontas**

Thug cathaoirleach an choiste cuntas ar na moltaí ón gcruinniú ar an 10 Iúil.

#### *Scéim eatramhach don dá chultúrlann ó thuaidh (2021-2023)*

Faomhadh maoiniú a chur ar fáil do na tionscadail seo a leanas.

#### *Scéim Deontas Cholmcille 2020 babhta 1*

Faomhadh maoiniú a chur ar fáil do na tionscadail seo a leanas:

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Uimh. Thag.	Iarrthóir	Tionscadal	Iarrtha	Molta
CC20009	Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair	Cassan	£ 10,000	£ 5,000
CC20013	Irish Pages	Crossways ar Líne	£ 4,500	£ 3,000
CC20014	Cairde Teo	Gaelchoirmeacha Ard Mhacha	£ 5,096	£ 4,000
<b>Iomlán</b>			£ 59,596	£ 12,000

Scéim le Tacaíocht Mhargaíochta a Sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Gaeilge

Faomhadh maoiniú a chur ar fáil don tionscadal seo a leanas:

Iarrthóir	Méid molta 2020	Méid molta 2021	Méid molta 2022	Iomlán
Cumann na bhFoilsitheoirí	€ 50,000	€ 80,000	€ 80,000	€ 210,000

An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge

Faomhadh maoiniú a chur ar fáil don tionscadal seo a leanas:

Iarrthóir	Méid molta 2020	Iomlán
Grúpa Taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge DCU	€ 50,000	€50,000

**D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

Scéim na bhFéilte

Glacadh leis na hathruithe molta ar riaradh na scéime.

Scéim na nImeachtaí Óige

Faomhadh maoiniú a chur ar fáil do na tionscadaí seo a leanas [féach Aguisín 1]:

Ainm na Scéime	Líon Iarratais Molta	Méid molta 2020	Méid Molta 2021	Iomlán
Scéim na nImeachtaí Óige 2020-2021	87	€ 103,808.00 agus £ 73,171.48	€ 72,118.00 agus £ 74,772.80	€ 175,926.00 agus £ 147,944.28

**D'fhág M. Ní Neachtain an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon

Glacadh leis na hathruithe molta ar riaradh na scéime.

**D'fhill M. Ní Chonghaile agus M. Ní Neachtain ar an gcruinniú.**

**D'fhág S. Ní Chéide an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

### Scéim na gCompántas Drámaíochta

Glacadh leis na hathruithe molta ar riaradh na scéime.

### **D'fhill S. Ní Chéide ar an gcrúinniú.**

#### **An Coiste Forbartha**

Thug cathaoirleach an choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 15 Iúil.

Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Tugadh nuashonrú ar chomhairliúchán Scéim Pobal Gaeilge, ar chomhfhreagras a bhí faighte ina leith ó pháirtithe leasmhara;
- ii. Tugadh tuairisc don Choiste ar phlé leis na príomhsholáthraithe i réimse na meán clóite agus ar líne;
- iii. Tugadh tuairisc don Choiste ar an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus ar an mhoill atá léi de bharr na paindéime COVID-19.

Fiosraíodh an bhféadfai breis tacaíochta a chur ar fáil don taighdeoir i mbun na luachála lena chinntiú nach titfeadh an próiseas luachála níos faide ar gcúl.

#### **An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 6 Iúil.

Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Go bhfuil Tuarascáil Bhliantúil 2017 foilsithe agus tá Tuarascáil Bhliantúil 2018 leis na ranna faoi láthair;
- ii. Go bhfuil leasuithe déanta ar an gclár rioscaí.

Pléadh rioscaí sa Chlár Rioscaí de bharr na n-athbhreithnithe ar Scéim Pobal Gaeilge, scéimeanna na meán clóite agus ar líne agus an luacháil ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta. Chuir an Cathaoirleach in iúl nach raibh sé i gceist Scéim Pobal Gaeilge a phlé ag an gcrúinniú inniu, go dtí go mbeadh tuairisc ar fáil ar an chomhairliúchán, agus go mbeadh deis Scéim Pobal Gaeilge a phlé ag an gcéad Chruinniú Boird eile.

Glacadh leis an gclár rioscaí.

#### **An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste tuairisc ó bhéal ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 8 Iúil.

### **07.182 PLEAN GNÓ LEASAITHE 2020 & PLEAN CORPARÁIDEACH 2020-2022**

Cuireadh in iúl go bhfuil roinnt leasuithe tagtha ar an bPlean Gnó de thoradh phaindéim COVID-19 ach nach bhfuil ach fíorbheagán cásanna ann ina bhfuil deireadh ar fad curtha le haon phlean. Cuireadh in iúl go gcuirfí an Plean Gnó faoi bhráid na Ranna i ndiaidh an chruinnithe inniu.

Glacadh leis an bPlean Gnó leasaithe.

Scaipeadh achoimre ar dhul chun cinn le Plean Corparáideach 2017-2019, a bheas mar chuid den Phlean Corparáideach 2020-2022. Meabhraíodh don Bhord go bhfuil dréacht de Phlean Corparáideach 2020-2022 faofa ag an mBord cheana, ach nach mbeidh leagan críochnúil ann go dtí go dtagann treoir dheiridh ó na Ranna ina leith.

Glacadh leis an achoimre ar an dul chun cinn.

#### **08.182 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEITHEAMH 2020**

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha cuntas ar na hathruithe ar an Ráiteas Caiteachais go 30 Meitheamh 2020.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas;

- Go bhfuil 60% den bhuiséad fós le caitheamh, i gcomparáid le 57% de bhuiséad na bliana seo caite ag an bpointe seo den bhliain;
- Go bhfuil ioncam ÁIS taobh thiar i gcomparáid leis an bpointe seo anuraidh, agus gurb é dúnadh an trádstórais ar feadh dhá mhí de bharr na paidéime an phríomhchúis leis sin.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.

#### **09.182 COMHAONTÚ SEIRBHÍSE LEIS NA RANNA**

Cuireadh dréacht den Chomhaontú Seirbhíse leis na Ranna don bhliain 2020 faoi bhráid an Bhoird.

Faomhadh an Comhaontú Seirbhíse.

#### **10.182 COMHFHREAGRAS**

Cuireadh in iúl go bhfuarthas comhfhreagras ó Chomhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas go mbeidh cruinniú iomlánach den CATT i mBaile Átha Cliath ar an 31 Iúil. Tuairiscíodh go mbeadh cruinniú earnála den Fhoras Teanga ag an gCATT i mí Mheán Fómhair.

Cuireadh in iúl go bhfuarthas comhfhreagras ó Chonradh na Gaeilge, Ghlór na nGael agus ó eagraíocht na Líonraí Gaeilge maidir leis an Scéim Pobal Gaeilge agus go bhfuil an litir sin pléite ag an gCoiste Forbartha.

#### **11.182 AON GHNÓ EILE**

Ceistíodh cathain a dhéanfar ceapacháin ar an mBord, agus cuireadh in iúl gurb é an cruinniú den CATT i mí Mheán Fómhair an cruinniú ag a bpléifear sin.

Cuireadh in iúl gurb é an 18 Meán Fómhair an dáta don chéad Chruinniú Boird eile, agus go scaipfear eolas maidir le seoladh an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge níos giorra don am.

---

**Pól Ó Gallchóir**

**Cathaoirleach**

**18 Meán Fómhair 2020**



### Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020

	24/01 /20	06/03 /20	17/04 /20	05/06 /20	24/07 /20	18/09 /20	30/10 /20	11/12 /20
Pól Ó Gallchóir	✓	✓	✓	✓	✓			
Conor McGuinness	✓	✓	✓	✓	✓			
Barra Ó Muirí	✓	X	✓	✓	✓			
Maighréad Ní Chonghaile	X	✓	✓	✓	✓			
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓	✓			
Sorcha Ní Chéide	X	✓	✓	✓	✓			
Niall Ó Gallochobhair	X	✓	✓	X	✓			

## Aguisín 1: Scéim na nImeachtaí Óige

Uimh. Thagartha	Ainm an Tionscadail	Méid Molta 2020	Méid Molta 2021	Iomlán
2001016.04	Banóglaigh na hÉireann	€ 3,150.00	€ 1,850.00	€ 5,000.00
2001016.06	Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	£ 2,950.00	£ 550.00	£ 3,500.00
2001016.14	Club Óige Luraigh	£ 2,160.00	£ 1,340.00	£ 3,500.00
2001016.17	Club Spraoi	£ 2,330.00	£ 1,170.00	£ 3,500.00
2001016.18	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£ 2,330.00	£ 1,170.00	£ 3,500.00
2001016.40	Glór an Ghleanna	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.46	Glór Uachtar Tíre	£ 1,464.48	£ 2,035.52	£ 3,500.00
2001015.01	Ógras - Marino	€ 1,503.00	€ 1,175.00	€ 2,678.00
2001015.02	Ógras - Léim an Bhradáin/Tír Mocháin	€ 2,670.00	€ 2,290.00	€ 4,960.00
2001015.03	Ógras - Baile an tSaoir/ Raghmallach	€ 1,830.00	€ 2,700.00	€ 4,530.00
2001015.04	Ógras - Cill Dheagláin	€ 1,545.00	€ 1,150.00	€ 2,695.00
2001015.05	Ógras - Nás na Ríogh	€ 2,441.00	€ 2,076.00	€ 4,517.00
2001015.06	Ógras - Oiriaila/Dún Dealgán	€ 2,700.00	€ 2,145.00	€ 4,845.00
2001015.07	Ógras - An Cabhán	€ 1,385.00	€ 1,525.00	€ 2,910.00
2001015.08	Ógras - Baile an Mhuilinn/Baile an Chollaigh	€ 1,920.00	€ 1,755.00	€ 3,675.00
2001015.09	Ógras - Baile Uí Thaidhg/Lios Tuathail	€ 1,920.00	€ 1,755.00	€ 3,675.00
2001015.10	Ógras - Páallas Greinne/An Bhanóg Luimneach	€ 1,920.00	€ 1,755.00	€ 3,675.00
2001015.11	Ógras - Port Lairge/Rath gCormac	€ 1,805.00	€ 1,625.00	€ 3,430.00
2001015.12	Ógras - Trá Lí	€ 1,775.00	€ 1,695.00	€ 3,470.00
2001015.13	Ógras - Gaelscoil Mhic Amhlaoidh	€ 2,050.00	€ 1,445.00	€ 3,495.00
2001015.14	Ógras - Ardán/Ionad Pobail Cnoc na Cathrach	€ 2,450.00	€ 2,200.00	€ 4,650.00
2001015.15	Ógras - Óg-Ógras Gaelscoil Dara	€ 1,409.00	€ 1,200.00	€ 2,609.00
2001016.08	Cairde Teo	£ 1,570.00	£ 1,930.00	£ 3,500.00
2001016.13	Club na nÓg Buiríos Uí Chéin	€ 2,170.00	€ 0.00	€ 2,170.00
2001016.24	Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.28	Cumann Iarscoil na gCrann	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.32	Cumann Óige Uachtar Chluanaí	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.37	Feachtas	€ 1,500.00	€ 1,500.00	€ 3,000.00
2001016.44	Glór na Móna	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.53	Naíscóil an tSléibhe Dhuibh	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.54	Naíscóil Bheanna Boirche	£ 2,140.00	£ 1,360.00	£ 3,500.00
2001016.57	Ógras na hÓmaí	£ 1,450.00	£ 2,050.00	£ 3,500.00
2001016.01	An Droichead	£ 1,700.00	£ 1,800.00	£ 3,500.00
2001016.05	Bardic Educational Arts and Media (BEAM)	£ 1,740.00	£ 1,740.00	£ 3,480.00
2001016.07	Cairde Cheathrú na Gaeltachta	£ 2,000.00	£ 1,500.00	£ 3,500.00
2001016.10	Cairdeas Kilmovee Family Resource Centre	€ 2,640.00	€ 1,380.00	€ 4,020.00

2001016.16	Club Óige Setanta	£ 1,474.00	£ 2,026.00	£ 3,500.00
2001016.23	Conradh na Gaeilge, Caisleán na Deirge	£ 1,821.00	£ 1,679.00	£ 3,500.00
2001016.26	Cumann Gaelach Leath Chathail	£ 1,500.00	£ 2,000.00	£ 3,500.00
2001016.38	Fóram na nÓg	£ 1,850.00	£ 1,650.00	£ 3,500.00
2001016.45	Glór na Speiríní	£ 1,690.40	£ 1,809.60	£ 3,500.00
2001016.49	Ionad Uíbh Eachach	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.63	Young at Art	£ 0.00	£ 3,500.00	£ 3,500.00
2001016.02	An Gaeláras	£ 1,180.00	£ 2,310.00	£ 3,490.00
2001016.03	An Grúpa Tuismitheoir agus Tachráin	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.22	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.29	Cumann na Sáirséalach, Baile Iarainn	£ 1,000.00	£ 0.00	£ 1,000.00
2001016.31	Cumann Óige na bhFál	£ 2,050.00	£ 1,450.00	£ 3,500.00
2001016.33	Cumann Óige Uí Dhochartaigh	£ 2,050.00	£ 1,450.00	£ 3,500.00
2001016.35	Feachtas	€ 2,850.00	€ 2,150.00	€ 5,000.00
2001016.36	Feachtas	€ 1,500.00	€ 1,500.00	€ 3,000.00
2001016.61	Teach Abhaile	€ 3,500.00	€ 1,500.00	€ 5,000.00
2001016.09	Cairde Uí Néill	£ 1,402.00	£ 2,098.00	£ 3,500.00
2001016.19	Coláiste Dhéan Mhig Oirc	£ 1,555.00	£ 1,920.00	£ 3,475.00
2001016.21	Comhlúadar Luimnigh	€ 970.00	€ 2,610.00	€ 3,580.00
2001016.47	Greencastle Youth Club	£ 2,022.00	£ 1,478.00	£ 3,500.00
2001016.62	Valentia Community Health and Welfare Ass CLG	€ 2,350.00	€ 2,650.00	€ 5,000.00
2001016.11	Campa Gaeilge Chorcaí	€ 1,450.00	€ 0.00	€ 1,450.00
2001016.15	Club Óige Mhic Reachtain	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.25	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.30	Cumann Óige Átha an Rí	€ 4,120.00	€ 780.00	€ 4,900.00
2001016.39	Gaelcholáiste Dhoire	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.42	Glór Léim an Mhadaidh	£ 1,695.00	£ 1,805.00	£ 3,500.00
2001016.43	Glór Machaire Fíolta	£ 1,616.00	£ 1,884.00	£ 3,500.00
2001016.55	Naíscoil Léim an Mhadaidh	£ 1,523.60	£ 1,975.68	£ 3,499.28
2001016.56	Naíscoil na Caille	£ 1,230.00	£ 2,270.00	£ 3,500.00
2001016.58	Scoil na Fuiseoige	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00
2001016.64	Clubanna Spleodar - An Cabhán	€ 2,977.00	€ 1,832.00	€ 4,809.00
2001016.65	Clubanna Spleodar - An t-Aonach	€ 2,255.00	€ 1,435.00	€ 3,690.00
2001016.66	Clubanna Spleodar - Áth An Rí	€ 2,665.00	€ 1,640.00	€ 4,305.00
2001016.67	Clubanna Spleodar - Baile Locha Riach	€ 2,765.00	€ 1,640.00	€ 4,405.00
2001016.68	Clubanna Spleodar - Caisleán Cnucha	€ 2,624.00	€ 1,560.00	€ 4,184.00
2001016.69	Clubanna Spleodar - Ceatharlach	€ 2,475.00	€ 1,435.00	€ 3,910.00
2001016.70	Clubanna Spleodar - Domhnach Bat	€ 2,255.00	€ 1,435.00	€ 3,690.00
2001016.71	Clubanna Spleodar - Guaire	€ 2,984.00	€ 1,720.00	€ 4,704.00
2001016.72	Clubanna Spleodar - Nás na Ríogh	€ 2,555.00	€ 1,435.00	€ 3,990.00
2001016.73	Clubanna Spleodar - An Muileann gCearr	€ 2,925.00	€ 1,800.00	€ 4,725.00
2001016.74	Clubanna Spleodar - An Uaimh	€ 2,985.00	€ 1,640.00	€ 4,625.00

2001016.75	Clubanna Spleodar - Áth Luain	€ 3,145.00	€ 1,720.00	€ 4,865.00
2001016.76	Clubanna Spleodar - Beal Easa	€ 2,495.00	€ 1,435.00	€ 3,930.00
2001016.77	Clubanna Spleodar- Carn an Bhua	€ 3,245.00	€ 1,720.00	€ 4,965.00
2001016.78	Clubanna Spleodar - Cora Druma Rúisc	€ 2,665.00	€ 1,640.00	€ 4,305.00
2001016.79	Clubanna Spleodar - Dun Laoghaire	€ 2,535.00	€ 1,560.00	€ 4,095.00
2001016.80	Clubanna Spleodar - An Longfort	€ 2,535.00	€ 1,560.00	€ 4,095.00
2001016.27	Cumann Gaelach na Ceathrún Gaeltachta	£ 1,560.00	£ 1,940.00	£ 3,500.00
2001016.59	Spraoi agus Spórt	€ 2,500.00	€ 2,500.00	€ 5,000.00
2001016.60	St. Mary's Primary School	£ 1,368.00	£ 2,132.00	£ 3,500.00

<b>Iomlán</b>	Deontaithe €	€ 103,808.00	€ 72,118.00	€ 175,926.00
<b>Iomlán</b>	Deontaithe £	£ 73,171.48	£ 74,772.80	£ 147,944.28

## **Miontuairiscí ón 183ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 18 Meán Fómhair 2020 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile agus N. Ó Gallochobhair

**Leithscéal:** B. Ó Muirí

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Meabhraíodh gurb é triúr an córam le haghaidh cruinnithe boird faoi láthair agus go bhfuil córam ag an gcruinniú seo dá réir.

Cuireadh in iúl go bhfuil an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge ar fáil sna siopaí leabhar anois agus go bhfuil dátaí maidir lena sheoladh á bplé i gcomhthéacs na géarchéime Covid-19.

### **01.183 MIONTUAIRISCÍ**

Ghlac an Bord le Miontuairiscí an 24 Iúil 2020 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.183 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

### **03.183 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa mar seo a leanas ag comhaltaí:

- C. McGuinness i dtaca leis an Scéim Pobal Gaeilge; agus
- M. Ní Chonghaile i dtaca leis an Scéim Pobal Gaeilge.

### **04.183 COVID-19**

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socruithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Tá gach oifig seachas oifig Ráth Chairn oscailte ar bhonn teoranta;
- Níl ach croíbhaill fhoirne i láthair cúpla lá sa tseachtain iontu;
- Tá na croíbhaill fhoirne seo ag déanamh riarachán riachtanach a éascaíonn an obair sa bhaile do bhaill foirne eile; agus
- Tá pleananna athoscailte ag feidhmiú faoi réir cinntí rialtais maidir le Covid-19.

### **05.183 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA**

**Tháinig M. Ní Neachtain i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Thug an Bord suntas do na pointí seo a leanas:

## 1. Cruinnithe agus Ócáidí

- **Cruinniú leis an Aire C. Ní Chuilín CTR**
- **Cruinniú leis an Aire Stáit J. Chambers TD agus**
- **Cruinniú leis an Roinn Pobal, Ceanneagraíochtaí & Eagraíochtaí Gaeilge ó thuaidh**

Cuireadh in iúl go raibh cruinnithe ginearálta ag an bhFeidhmeannas le hairí an dá Roinn Urraíochta, agus cruinniú faoi phacáiste maoinithe nua don Ghaeilge faoi *Barnett Consequential* le hoifigigh sa Roinn Pobal. Fiosraíodh ar tháinig aontuithe suntasacha as na cruinnithe sin maidir le maoiniú breise. Dearbhaíodh nár tháinig agus gurbh é an phríomhsprioc a bhain leo cás Fhoras na Gaeilge a chur i láthair na Ranna. Cuireadh in iúl gur thug na hAirí aischothú dearfach ag na cruinnithe.

- **Cruinnithe le Coiste Gaeilge Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ)**

Tuairiscíodh go raibh cruinniú ag an bhFeidhmeannas le Coiste Gaeilge ARÉ maidir le comóradh Cholmcille 1500, agus go bhfuil clár á phleanáil ag an Acadamh mar chuid den chomóradh.

- **Cruinniú idir Clár na Leabhar Gaeilge agus Foilsitheoirí Gaeilge**

Cuireadh in iúl go raibh an chéad chruinniú de chuid an athbhreithnithe ar Scéim na Foilsitheoireachta ann. Tuairiscíodh go dtiocfadh moltaí as ina leith chuig an Bhord le linn 2021.

## **Bhí an SSF i láthair ag cruinniú coiste de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann**

Cuireadh in iúl gur pléadh tionscadal taighde maidir le húsáid na Gaeilge i stáisiúin áitiúla raidió, agus go gcuirfí tuairisc faoi seo chuig comhaltaí go luath in 2021.

## 2. Eolas eile

- **Meamram Airgeadais Athbhreithnithe**

Cuireadh in iúl go bhfuil dréacht den Mheamram Airgeadais athbhreithnithe beagnach réidh ag na Ranna Urraíochta agus Airgeadais, agus go gcuirfí sin faoi bhráid an Bhoird ag Cruinniú Boird an 30 Deireadh Fómhair 2020 más féidir.

- **Mórtogra Léitheoireachta Leabhair Pháistí Éireann**

Cuireadh in iúl go bhfuil Leabhair Pháistí Éireann agus A. Ní Ghlinn, Laureate na nÓg, ag pleanáil mórtogra léitheoireachta i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge.

- **Maoiniú Ghaelbhratach**

Gabhadh buíochas leis an Roinn Oideachais agus Scileanna as maoiniú €120,000 a chur ar fáil don Ghaelbhratach.

- **Deireadh leis an bhfeachtas #LeChéile**

Gabhadh comhghairdeas leis an gClár bhainisteoir Cumarsáide & Margaíochta, A. Davitt, lena stiúrtóir, E. Ó hArgáin, agus leis an Mheitheal Feasachta as an bhfeachtas bríomhar #LeChéile.

- **Séala an Aistriúcháin**

Cuireadh in iúl gur éirigh le hAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge OÉG sa próiseas tairsceana le scrúduithe Shéala an Aistriúcháin a rith roimh dheireadh na bliana 2020 ar chostas €20,000 (CBL san áireamh). Tuairiscíodh nach bhfuil dáta cinnte ann go fóill do na scrúduithe, agus go bhféadfadh Covid-19 cur isteach ar an bplean.

#### **4. Cúrsaí Corparáideacha**

- **Stádas Leitir Ceanainn mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta**

Cuireadh in iúl go bhfuil Leitir Ceanainn sainithe go hoifigiúil mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ag an Roinn Meán, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spóirt agus Gaeltachta.

#### **An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge**

Tuairiscíodh gur díoladh 800 cóip sa chéad choicís, go bhfuil an ócáid seolta curtha siar arís de bharr na mbeartas sláinte poiblí is déanaí, agus go bhfuil foireann an Fhoclóra ag smaoineamh faoin ócáid seolta a cheangal le hOireachtas na Samhna, más ceadmhach faoin treoir ag an am.

Cuireadh in iúl don Bhord go raibh an Feidhmeannas ag plé le hiarratas faoi scéim a tháinig i ndiaidh an spriocdháta, agus go mbeifí ag teacht chuig an mBord amach anseo le moladh ina leith.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

### **06.183 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **1) Coiste na nDeontas**

Thug cathaoirleach an choiste cuntas ar na moltaí ón gcruinniú ar an 04 Meán Fómhair.

#### Maoiniú breise do Chomhar

Faomhadh maoiniú breise €32,000 a chur ar fáil do Chomhar as an athdháileadh maoinithe le tionscadal léitheoireachta agus leis an gclár Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge a fhorbairt.

#### Leasuithe Buiséid na gCeanneagraíochtaí 2020

Tugadh suntas do na nótaí eolais ar leasuithe buiséid na gCeanneagraíochtaí 2020.

#### **2) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 08 Meán Fómhair. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Pléadh tuairisc 6 mhí ar dhul chun cinn phleananna na Stiúrthóireachta Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta;
- Bhí réamhphlé ann maidir le tosaíochtaí caiteachais 2021;
- Tugadh nuashonrú ar an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta; agus
- Tugadh nuashonrú ar an gcóras deontais ar line.

Soiléiríodh gur tuairisc, seachas cinntí, atá le teacht ón luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus go dtógfadh sé tréimhse ama i ndiaidh an tuairisc a fháil leis na moltaí a chur i dtoll a chéile agus ansin lena gcur i bhfeidhm.

### **3) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú ar an 07 Meán Fómhair. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Pléadh an tuairisc ar chomhairliúchán Scéim Pobal Gaeilge;
- Tugadh nuashonrú ar an dul chun cinn maidir le Scéim na Meán Clóite;
- Tugadh nuashonrú ar an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta;
- Pléadh bealaí le foilsiú an Fhoclóra Nua Bhéarla-Ghaeilge a cheiliúradh.

### **07.183 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 LÚNASA 2020**

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha cuntas ar na hathruithe ar an Ráiteas Caiteachais go 31 Lúnasa 2020.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- Go bhfuil caiteachas a bhaineann le féilte taobh thiar de bharr féilte a bheith curtha ar athló mar gheall ar Covid-19;
- Go raibh mí Iúil agus mí Lúnasa dearfach ó thaobh ioncam ÁIS de.
- Cuireadh in iúl go raibh an-rath ar an mbabhta píolótach den Chiste Tionscadal.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.

### **08.183 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon ní le plé faoin mí seo.

### **09.183 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mí seo.

### **10.183 TOSAÍOCHTAÍ CAITEACHAIS 2021**

Cuireadh plécháipéis i láthair ar na tosaíochtaí caiteachais do 2021, sa chás go gcuirfí le buiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge. Iarradh ionchur ar Chomhaltaí faoin bplécháipéis. Rinneadh trácht ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhféadfaí deiseanna taighde a chur san áireamh, go háirithe taighde a dhíríonn ar an tumoideachas, cothú pobal agus sealbhú teanga ar líne i gcomhthéacs na srianta pobail? Cén dóigh a dtig pobal fíorúil Gaeilge a fhorbairt?
- An tábhacht a bhaineann le luach ar airgead in obair na gCeanneagraíochtaí agus le deiseanna comhoibrithe leis na Ceanneagraíochtaí ar mhaithe le chomhspríocanna a bhaint amach.
- An tábhacht a bhaineann le hionaid Ghaeilge.
- An tábhacht a bhaineann le cothroime a chinntiú do réimsí pobail i measc réimsí tábhachtacha eile.

Tugadh buíochas do chomhaltaí as a n-ionchur, agus cuireadh in iúl go mbeadh moladh maidir le tosaíochtaí caiteachais 2021, i gcás maoinithe bhreise, á chur faoi bhráid an Bhoird ar an 30 Deireadh Fómhair. Cuireadh in iúl freisin go mbeadh moladh san áireamh sa cháipéis sin faoin dóigh ar chóir plé le ró-éileamh ar Scéim Pobal Gaeilge 2021-2023, dá dtarlódh sin.



## **11.183 AN SCÉIM POBAL GAEILGE**

### **D'fhág M. Ní Chonghaile agus C. Mac Guinness an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**

Cuireadh an tuairisc ar na haighneachtaí ar an Scéim Pobal Gaeilge i láthair agus bhí plé ina leith. Nótáladh gur trua a laghad aighneachtaí a tháinig ó ghrúpaí nach deontaithe reatha faoin scéim iad.

Moladh tosaíocht a thabhairt do na hiarrthóirí faoin scéim athbhreithnithe nach raibh Foras na Gaeilge ag tacú leo go dtí seo.

Cuireadh an moladh seo a leanas faoi bhráid an Bhoird:

1. Glacadh leis an tuairisc ar aighneachtaí chomhairliúchán SPG;
2. Glacadh leis an scéim athbhreithnithe agus an buiséad bliantúil de €1.02m; agus
3. Plé le ró-éileamh féideartha ar SPG 2021-2023 i gcomhthéacs mholtaí an fheidhmeannais ar thosaíochtaí caiteachais 2021.

Míníodh go raibh síneadh ama aontaithe ag an mBord don scéim reatha go dtí 30 Meitheamh 2021.

Ghlac an Bord leis an moladh.

Gabhadh buíochas leis na comhaltaí agus cuireadh in iúl go mbeadh an tuairisc á crochadh ar an suíomh idirlín i ndiaidh an chruinnithe Boird

Cuireadh deireadh leis an gcruinniú.

Cuireadh in iúl gurb é an 30 Deireadh Fómhair 2020 dáta an chéad chruinnithe eile.

---

**Pól Ó Gallchóir**  
**Cathaoirleach**  
**30 Deireadh Fómhair 2020**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020**

	Ioml án	24/01 /20	06/03 /20	17/04 /20	05/06 /20	24/07 /20	18/09 /20	30/10 /20	11/12 /20
Pól Ó Gallchóir	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Conor McGuinness	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Barra Ó Muirí	4/6	✓	X	✓	✓	✓	X		
Maighréad Ní Chonghaile	5/6	X	✓	✓	✓	✓	✓		
Máire Ní Neachtain	6/6	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Sorcha Ní Chéide	5/6	X	✓	✓	✓	✓	✓		
Niall Ó Gallochobhair	4/6	X	✓	✓	X	✓	✓		

**Miontuairiscí ón 184ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 30 Deireadh Fómhair  
2020 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí, M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile.

**Leithscéal:** N. Ó Gallochobhair.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Tuairiscíodh go bhfuarthas dea-scéal le déanaí i dtaca le buiséad 2021 an Fhorais Teanga sa cháináisneis ó dheas, agus go bpléifí cúrsaí buiséid níos déanaí sa chruinniú.

Cuireadh in iúl go seolfar an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge ar líne mar chuid de chlár ar líne Oireachtas na Gaeilge tráthnóna inniu.

Meabhraíodh gurbh é triúr an córam le haghaidh cruinnithe boird faoi láthair agus go bhfuil córam ag an gcruinniú seo dá bharr.

## **01.184 MIONTUAIRISCÍ**

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird ar an 18 Meán Fómhair 2020.

## **02.184 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

### **05.183 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA**

Thagair an Príomhfheidhmeannach do mhír 1 de Thuairisc na hArdbhainistíochta agus chuir sé in iúl go bhfuiltear ag súil go bhfógróidh an Roinn Pobal maoiniú breise de £1.2m le haghaidh eagraíochtaí Gaeilge ó thuaidh mar phacáiste tacaíochta le dul i ngleic leis na dúshláin a bhain le Covid-19. Fiosraíodh cathain a dhéanfaidh an Roinn Pobal an ráiteas agus cuireadh in iúl nach rabhthas cinnte ach gur síleadh go ndéanfaí é lá éigin an tseachtain seo chugainn.

Fiafraíodh cad é an cur chuige mura féidir córam a chinntiú do chruinnithe Boird, agus conas a ceapadh na hionadaithe seachtracha ar choistí an Bhoird. Cuireadh in iúl gur chóir go mbeadh 16 Comhalta ar an mBord, agus nach bhfuil ann faoi láthair ach seachtar, gur cheap an Bord ionadaí amháin don Choiste Osradhairc, agus do Choiste na nDeontas ar an 24 Eanáir ar mhaithe le córam a dheimhniú agus go bhfuil cearta iomlána ag na baill seo.

Fiafraíodh cén costas iomlán a bhí ar an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge, agus an raibh aon róchaiteachas ann sa réimse. Cuireadh in iúl gurbh é €6.088m an buiséad iomlán a bhí ag an bhFoclóir thar an tréimhse 20 bliain ó bunaíodh Foras na Gaeilge, agus nach raibh aon róchaiteachas ann.

### **03.184 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa mar seo a leanas ag comhaltaí:

- B. Ó Muirí i dtaca leis an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge;
- C. McGuinness i dtaca leis an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge; agus
- M. Ní Chonghaile i dtaca leis an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge agus Scéim na bhFéilte.

### **04.184 COVID-19**

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Níl sé i gceist an fhoireann a thabhairt ar ais isteach sna hoifigí go dtí 2021, seachas ar bhonn eisceachtúil nó ócáideach;
- Tá gach oifig ó dheas dúnta faoi láthair seachas trádstóras ÁIS, áit nach bhfuil ach fostaí amháin ag obair, agus tá líon beag fostaithe san oifig i mBéal Feirste;
- Tá dúshlán ag teacht chun tosaigh a bhaineann leis an bhfoireann a bheith ag obair ó chian go fadtéarmach, agus tá gach iarracht á ndéanamh plé leis sin:
  - fostaithe atá ag plé le cúraimí oibre i dtithe atá siad a roinnt le daoine eile, agus
  - fostaithe nach bhfuil rochtain acu ar an trealamh cuí lena gcuid oibre a chur i gcrích go héifeachtach.
- Is é an treoir reatha ón rialtas ó dheas go luíonn an fhreagracht maidir le socrúithe ó thaobh suímh, trealamh agus leagan amach stáisiún oibre leis an bhfostaí aonair sa chéad dul síos agus iad ag obair ó chian faoi chúinsí éigeandála, ach tá súil go dtiocfaidh nuashonrú ar an treoir sin agus an rialtas anois ag breathnú ar Covid-19 mar dheacracht mheán/fhadtéarmach.

### **05.184 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Soiléiríodh go raibh B. Ó Gaibhín i láthair an chruinnithe le Foras na Gaeilge mar chathaoirleach ar Chomhchoiste na Líonraí Gaeilge agus ní mar ionadaí ar Mhuintir Chrónáin.

Cuireadh roinnt ceisteanna: faoin maoiniú breise ón Roinn Pobal le haghaidh eagraíochtaí Gaeilge ó thuaidh; faoin tearc-chaiteachas, agus faoi na tionscadail ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh; faoin gCiste Tionscadal; faoi obair foclóireachta; agus faoi mheon na foirne de bharr shrianta Covid-19.

Cuireadh in iúl go bhfuil cinneadh glactha ag Aonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh go réachtálfar scrúduithe Shéala an Aistriúcháin ar líne ar an 5 Nollaig.

Tugadh suntas do cheapachán L. Rawdon mar Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin i gClár na Leabhar Gaeilge agus guíodh gach ádh uirthi.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

## 06.183 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

### 1) Coiste na nDeontas

Thug cathaoirleach an choiste cuntas ar na moltaí ó chruinnithe Choiste na nDeontas ar an 9 agus ar an 16 Meán Fómhair.

Thug an Bord suntas do leasuithe buiséid 2020 do na Ceanneagraíochtaí agus don Áisaonad.

#### Scéim na bhFéilte 2021 – Glaoch 1

#### **D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**

Glacadh leis an moladh maoiniú de luach comhiomlán €30,604.77 agus £5,446.00 a cheadú do 12 iarratas faoi Ghlaoch 1 de Scéim na bhFéilte 2021 [féach Aguisín 1].

Glacadh chomh maith leis an moladh go leanfaí leis an gcur chuige dhá ghlaoch in aghaidh na bliana a bheith ann don scéim seo.

#### **D'fhill M. Ní Chonghaile i láthair an chruinnithe.**

#### Maoiniú na gCeanneagraíochtaí 2021

Cuireadh an moladh ó Choiste na nDeontas maidir le maoiniú na gCeanneagraíochtaí faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith.

D'iarr M. Ní Chonghaile agus C. McGuinness é a nótáil sna miontuairiscí nach raibh siad sásta tacú leis an moladh ó Choiste na nDeontas.

Cuireadh in iúl gur pléadh an moladh go mion ag dhá chruinniú ar leith de chuid Choiste na nDeontas agus gur chuir an feidhmeannas breis eolais ar fáil don choiste de réir mar a iarradh é.

Chuir an bheirt Chomhaltaí in iúl, go raibh súil leis an tuairisc luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta faoin tráth seo ionas go mbeadh bealach réitigh ann faoina n-ábhair imní, ach aithníodh nach bhfuil neart ag Foras na Gaeilge ar an mhoill a bhaineann leis an luacháil.

Moladh go bpleifí an tuairisc ón bpróiseas luachála go mion nuair a chuirfí faoi bhráid an Bhoird í, agus go scrúdófaí í i gcomhthéacs na n-ábhar imní atá ardaithe roimhe seo ag roinnt comhaltaí. Meabhraíodh go mbeidh athruithe molta ar bith ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta le cur faoi bhráid an CATT.

Fiosraíodh an raibh feabhsú i ndiaidh teacht ar fheidhmíocht na Ceanneagraíochta ar leagadh próiseas monatóireachta ar leith uirthi anuraidh, agus dearbhaíodh go bhfuil feidhmeannas Fhoras na Gaeilge sásta go bhfuil sí ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna ina mór-réimse go sásúil, fiú i gcomhthéacs na ndeacrachtaí a bhaineann leis an bpaindéim.

Glacadh leis an moladh maoiniú de luach comhiomlán €4,637,547 a cheadú do na Ceanneagraíochtaí le haghaidh 2021.

Uimhir Thagartha	Ainm na Ceanneagraíochta	Méid Molta
2001030	Cumann na bhFiann	€745,136

2001031	Glór na nGael	€1,078,615
2001033	Gaeloideachas	€708,562
2001035	Gael Linn	€650,183
2001037	Oireachtas na Gaeilge	€622,594
2001038	Conradh na Gaeilge	€832,457

## 2) An Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcuirniú ar an 19 Deireadh Fómhair. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Bhí réamhphlé ann maidir le tosaíochtaí caiteachais 2021;
- Aontáíodh go bhfanfaidh an Coiste go dtí go mbeidh ceapacháin úra déanta ar an mBord sula ndéanfaidh sé athbhreithniú maidir leis na coistí;
- Pléadh saincheistanna a bhaineann le baol coimhlintí leasa;
- Tugadh nuashonrú ar sheoladh an fhoclóra, ar an gCur Chuige Compháirtíochta, ar an Scéim Pobal Gaeilge, agus ar an gcóras iarratais deontais ar líne.

## 3) An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcuirniú ar an 20 Deireadh Fómhair. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Tá dul chun cinn dearfach déanta maidir le conarthaí a aontú faoi Scéim na Meán Clóite agus ar líne;
- Pléadh an rachairt atá ar an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge, agus tugadh ardmholadh don fhoireann chumarsáide as an bhfeachtas samhlaíoch bolscaireachta ina leith;
- Fáiltíodh roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an luacháil ar an gCur Chuige Compháirtíochta.

Fiosraíoch cad é an sprioc atá ag an luacháil ar an gCur Chuige Compháirtíochta, agus soiléiríodh go bhfuil dréacht den tuairisc le fáil roimh dheireadh na bliana.

## 4) An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcuirniú ar an 19 Deireadh Fómhair. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Pléadh Covid-19 agus na deacrachtaí atá á gcruthú aige d'fheidhmíocht Fhoras na Gaeilge;
- Bhí plé ar an leagan athbhreithnithe den Mheamram Airgeadais;
- Tugadh nuashonrú ar Iniúchadh an Ard-Reachtair ar Chuntais 2019 agus ar an gcóras iarratais deontais ar líne;
- Pléadh clár oibre an iniúcháir inmheánaigh agus an mhoill atá tagtha air. Cuireadh in iúl go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air agus dhearbhaigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar an gclár oibre;
- Faomhadh an Clár Rioscaí.

Gabhadh leithscéal nár scaipeadh an Clár Rioscaí mar chuid de na cáipéisí eile boird roimh an gcuirniú agus tugadh tuairisc ó bhéal ar na hathruithe atá tagtha air ón uair dheiridh a cuireadh faoi bhráid an Bhoird é. Cuireadh in iúl go scaipfí cóip ar na comhaltaí díreach i ndiaidh an chruinnithe.

## 07.184 MEAMRAM AIRGEADAIS ATHBHREITHNITHE

Cuireadh in iúl go bhfuil na Ranna beagnach réidh lena n-athbhreithniú ar Mheamram Airgeadais an Forais Teanga. Tuairiscíodh gurb é an Meamram Airgeadais an cháipéis

rialaithe is tábhachtaí atá ag an Fhoras Teanga, agus go bhfuil an Meamram reatha i bhfeidhm ó bhí 2004 ann.

Tugadh achoimre de na príomhathruithe go dáta agus bhí plé ina leith. Tuairiscíodh gur iarr Foras na Gaeilge go gcuirfí mír leis an Meamram Airgeadais a shonródh an cur chuige sa chás nach mbeadh an CATT ag feidhmiú, ach nár ghlac na ranna leis an moladh.

Léiríodh buairt faoin tionchar a bheadh ag an leibhéal mion-tuairiscithe de bharr na n-athruithe ar chumas Fhoras na Gaeilge ár gclár oibre a chur i gcrích, go háirithe i réimsí oibre nach bhfuil ach líon beag foirne ag plé leo. Léiríodh buairt fosta go raibh na Ranna ag baint de neamhspleáchas Fhoras na Gaeilge trí na hathruithe.

Cuireadh in iúl go bhfuil sé i gceist ag na Ranna an leagan nua den Mheamram Airgeadais a chur faoi bhráid an CATT ag deireadh mhí na Samhna.

### **08.184 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEÁN FÓMHAIR 2020**

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha cuntas ar na hathruithe ar an Ráiteas Caiteachais go 30 Meán Fómhair 2020.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- Tá caiteachas 3% taobh thiar den stáid ina raibh sé ag an tráth seo anuraidh;
- Tá fuilleach ard fós le caitheamh i réimse na Líonraí agus na mBailte Seirbhíse Gaeltachta, agus tá an fhéidearthacht ann nach gcaithfear iomlán na mbuiséad sin i mbliana;
- Tá ÁIS ag breith suas ar a cuid spriocanna díolacháin, agus tá an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge ag cuidiú go mór leis sin;

Fiosraíodh cad chuige a bhfuil fuilleach fós le caitheamh i réimse na foclóireachta, agus cuireadh in iúl gur soláthar atá i gceist ansin ar mhaithe leis na suíomhanna gréasáin foclóireachta a chothabháil.

Ardaíodh ceist faoin bhfuilleach ard atá luaite leis an gCiste Tionscadail. Cuireadh in iúl nach bhfuil caiteachas mhí Dheireadh Fómhair le feiceáil ar an ráiteas caiteachais.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.

### **09.184 TOSAÍOCHTAÍ CAITEACHAIS 2021**

Cuireadh plécháipéis bunaithe ar na meastacháin a fógaíodh i gCáinainnéis 2021 ó dheas, maidir le caiteachas breise sa chás go n-aontaítear ardú buiséid don Fhoras Teanga, agus bhí plé ina leith. Míníodh go raibh an cháipéis seo bunaithe ar na ceannteidil ar glacadh leo ón bplécháipéis a cuireadh faoi bhráid an Bhoird ag Cruinniú Boird an 18 Meán Fómhair. Meabhraíodh don Bhord go bhfuil roinnt rudaí nach bhfuil soiléir go fóill:

- An briseadh síos idir buiséad Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaíocht na hUltaise;
- An mbeadh an Roinn Pobal ag méadú a maoinithe don Fhoras Teanga;
- An rud é gur buiséad aon bhliana atá á shonrú sna meastacháin ó dheas nó méadú ar an mbuiséad bonnlíne; agus

- go bhfuil an phlécháipéis bunaithe ar an tuiscint go bhfanfaidh buiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge ag ráta 2021 go ceann a cheathair nó a chúig de bhlianta, ach go raibh amhras léirithe ag na ranna ina leith sin.

Fiosraíodh conas a ríomhadh an soláthar a luaítear leis an Scéim Ionaid Ghaeilge agus cuireadh in iúl gur meánfhigiúr de luach €18,000 iolraithe ar 13 ionad atá i gceist. Cuireadh in iúl gur scéim iomaíoch a bheadh inti agus go mbronnfaí maoiniú de réir bandaí maoinithe ag brath ar iarratais. Soiléiríodh chomh maith gur ar mhaithe le costais reatha a chlúdach atá an Scéim Ionaid Ghaeilge, agus go mbeidh foinsí eile maoinithe, macasamhail Scéim Pobal Gaeilge ag na deontaithe faoin Scéim Ionad Gaeilge.

Fiosraíodh an bhféadfaí an soláthar don Scéim Ionaid Ghaeilge a mhéadú, óir síleadh nár leor an soláthar sa pháipéar le scéim fhiúntach a rith.

Tagraíodh don soláthar a luaítear leis an Scéim Pobal Gaeilge agus fiosraíodh an dócha go mbeadh ró-éileamh ar an scéim. Fiosraíodh ar leor an soláthar do líonraí agus do ghrúpaí pobail óir síleadh nár leor an soláthar sa pháipéar.

Ceistíodh an t-ardú molta do na Ceanneagraíochtaí i gcomhthéacs na himní a léirigh roinnt comhaltaí maidir lena maoiniú bliantúil. Míníodh gur bhain cuid den imní a léiríodh leis an gcóimheas caiteachais idir costais reatha agus costais ar imeachtaí, agus míníodh, dá n-ardófaí an maoiniú le haghaidh obair ghníomhaíochta na gCeanneagraíochtaí go ligfeadh sé do na Ceanneagraíochtaí níos mó dá maoiniú a chur i dtreo a gclár oibre.

Cuireadh ceist an raibh freagracht ar Fhoras na Gaeilge i leith na foclóireachta. Soiléiríodh go bhfuil dualgas reachtúil ar Fhoras na Gaeilge réimse na foclóireachta Gaeilge a fhorbairt, agus go n-aithnítear an cúram sin mar ghnáthobair de chuid Fhoras na Gaeilge.

Tagraíodh don soláthar breise buiséid a bhí luaite le naíolanna agus naíonraí a bhunú, agus fiosraíodh an ról é sin d'Fhoras na Gaeilge, nó an bhféadfadh Gaeloideachas tabhairt faoin réimse oibre seo. Cuireadh in iúl gur maoiniú a bhí i gceist le tacú leis an bpróiseas bunaithe amháin, nach raibh an cúram sin luaite sa mhór-réimse a bhí aontaithe le Gaeloideachas, agus nár bhain na feidhmeanna a bhí aontaithe le Gaeloideachas le réimse na réamhscolaíochta ó thuaidh.

Meabhraíodh gur pléadh deiseanna taighde ag an gCruinniú Boird ar an 18 Meán Fómhair mar chuid den phlé ar thosaíochtaí caiteachais 2021, agus fiosraíodh cén fáth nach raibh tagairt dó sin sa phlépháipéar. Soiléiríodh go raibh soláthar i gcomhair cúrsaí taighde i mbuisead Fhoras na Gaeilge cheana féin, agus nár ghá cur leis an soláthar sin le tabhairt faoin taighde a bhí luaite.

Cuireadh in iúl go gcuirfí aiseolas an Bhoird san áireamh sa dréachtbhuiséad a chuirfí faoi bhráid an Bhoird le haghaidh 2021.

#### **10.184 MOLADH MAIDIR LE CRUINNITHE BOIRD 2021**

Glacadh leis an moladh maidir le Cruinnithe Boird 2021. [féach **Aguisín 2**]. Cuireadh in iúl go bhféadfadh dialann na gcruinnithe a leasú tráth a gceapfaí comhaltaí nua ar an mBord.



### **11.184 COMHFHREAGRAS**

Cuireadh in iúl go bhfuair Foras na Gaeilge cuireadh teacht os comhair Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Pobal Labhartha na Gaeilge den Oireachtas, agus go bhfuil an feidhmeannas ag plé leis faoi láthair.

### **12.184 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

### **13.184 AN SCÉIM FORBARTHA LÍONRAÍ GAEILGE 2021-2024**

**D'fhág B. Ó Muirí, C. Mac Guinness agus M. Ní Chonghaile an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**

Cuireadh dréacht de chritéir na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge 2021-2024 faoi bhráid an Bhoird agus cuireadh in iúl gur comharba ar an Scéim Pobal Gaeilge atá i gceist leis an scéim seo.

Cuireadh in iúl go bhfuil na critéir seo bunaithe ar an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an Scéim Pobal Gaeilge, agus go bhfuil soláthar de €1.02m in aghaidh na bliana á chur leis, nó €3,060,000 thar na trí bliana.

Ghlac an Bord le critéir na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge, agus tugadh ardmholadh don fhoireann a bhí ag plé leo as soiléireacht na gcritéir.

Cuireadh in iúl gurb é an 11 Nollaig dáta an chéad chruinnithe eile.

Meabhraíodh go mbeadh a Shoilse Mícheál D. Ó hUiginn, Uachtarán na hÉireann, ag seoladh Fhoclóir Nua Béarla-Ghaeilge Fhoras na Gaeilge ar líne i ndiaidh an chruinnithe.

---

**Pól Ó Gallchóir**  
**Cathaoirleach**  
**11 Nollaig 2020**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020**

	24/01/20	06/03/20	17/04/20	05/06/20	24/07/20	18/09/20	30/10/20	11/12/20
Pól Ó Gallchóir	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Conor McGuinness	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Barra Ó Muirí	✓	X	✓	✓	✓	X	✓	
Maighrhead Ní Chonghaile	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Sorcha Ní Chéide	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Niall Ó Gallochobhair	X	✓	✓	X	✓	✓	X	

**Aguisín 1: Glaoch 1 de Scéim na bhFéilte 2021**

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Ainm an Eagrais</b>	<b>Ainm an Tionscadail</b>	<b>Méid Molta</b>
2001036.01	An Cumann Scoildramaíochta Féile Dhoire / An Ómaí	An Cumann Scoildramaíochta Féile Dhoire / An Ómaí	£ 546.00
2001036.02	Comhlacht Forbartha Inis Meáin CTR	Féile Inis Meáin	€ 3,000.00
2001036.03	Consairtín	Consairtín 2021	€ 2,275.00
2001036.04	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Sean-Nós na Fearsaíde	£ 2,450.00
2001036.05	Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe / Galway Theatre Festival	Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe	€ 2,500.00
2001036.06	Féile na Bealtaine	Féile na Bealtaine	€ 3,000.00
2001036.07	Féile na hInse	Féile na hInse	€ 2,000.00
2001036.08	Féile Nasc ltd	Féile Nasc	€ 2,500.00
2001036.09	Féile Róise Rua	Féile Róise Rua	€ 2,970.00
2001036.10	Ionad Uíbh Eachach	Aistear 2021	£ 2,450.00
2001036.11	Navan Choral & Instrumental Festival	Navan Choral & Instrumental Festival	€ 2,400.00
2001036.12	Scoildrámaíochta an Chláir	Féile Scoildrámaíocht an Chláir	€ 1,200.00
2001036.13	Éigse na Brídeoige	Éigse na Brídeoige	€ 2,500.00

## Aguisín 2: Cruinnithe Boird 2021

<b>Dé hAoine, 29 Eanáir</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>Dé hAoine, 12 Márta</b>	<b>Béal Feirste</b>
<b>Dé hAoine, 23 Aibreán</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>De hAoine, 11 Meitheamh</b>	<b>Dún Seachlainn</b>
<b>Dé hAoine, 30 Iúil</b>	<b>Béal Feirste</b>
<b>Dé hAoine, 17 Meán Fómhair</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>Dé hAoine, 29 Deireadh Fómhair</b>	<b>Cill Airne (<i>Oireachtas na Gaeilge</i>)</b>
<b>Dé hAoine, 10 Nollaig</b>	<b>Béal Feirste</b>

## **Miontuairiscí ón 185ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 11 Nollaig 2020 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, N. Ó Gallochobhair, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin.

**Leithscéal:** B. Ó Muirí.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

### **01.185 FOCAL ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS CUR IN AITHNE AG COMHALTAÍ**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Cuireadh fáilte roimh na Comhaltaí nuacheaptha: W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, agus N. Ní Chiaráin; agus chuir siad triúr iad féin in aithne don Bhord.

Chuir gach duine i láthair an chruinnithe, idir Chomhaltaí Boird agus fhoireann an Fheidhmeannais, iad féin in aithne do na Comhaltaí nuacheaptha.

Cuireadh in iúl gurb ionann ceathrar Comhaltaí agus córam ag cruinnithe den Bhord faoi láthair.

### **02.185 OSRADHARC AR STRUCHTÚIR AGUS OBAIR FHORAS NA GAELIGE**

Thug an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, E. Ní Chorráin, cur i láthair ar mhór-réimsí oibre Fhoras na Gaeilge.

Fiosraíodh an bhfuil deiseanna comhpháirtíochta ann idir na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus deontaithe faoin Scéim Pobal Gaeilge, agus soiléiríodh go mbeidh ceangal lárnach idir líonraí Gaeilge, an Scéim Pobal Gaeilge, agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta sa chéad bhabhta eile den Scéim Pobal Gaeilge, agus go mbeidh sí deartha ar bealach a thabharfadh deis do dheontaithe faoin scéim forbairt agus stádas líonra a bhaint amach.

Ardaíodh ceist faoin neamhréir idir an Caighdeán Oifigiúil agus na treoracha gramadaí a leagtar amach sa *Concise English-Irish Dictionary*, agus cuireadh in iúl go bhfuil an foclóir ar líne agus, dá réir sin, an leagan clóite bunaithe ar threoir stíle an fhoclóra ar líne seachas an Caighdeán Oifigiúil, a bhfuil 3 leagan éagsúla de foilsithe ó cuireadh an foclóir ar líne ar fáil don phobal in 2013.

### **03.185 MIONTUAIRISCÍ**

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird ar an 30 Deireadh Fómhair 2020.

### **04.185 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

### **05.185 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**

Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa mar seo a leanas ag comhaltaí:

- M. Ní Chonghaile agus M. Ní Neachtain i dtaca le Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2021.

### **06.185 COVID-19**

Thug an Stiúthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i) Tá rochtain ar oifigí Fhoras na Gaeilge teoranta faoi láthair de thoradh na n-athruithe stádais ar an dianghlasáil sa dá dhlíne,
- ii) Tá rochtain ar an oifig á ceadú bunaithe ar thascanna riachtanacha oibre agus cothabhála, agus tugann an obair a dhéantar san oifig tacaíocht dóibh siúd atá ag obair ó chian,
- iii) Tá ullmhúcháin déanta go bhféadfaí rochtain ar na hoifigí a leathnú amach san athbhliain, ach beidh sé sin ag brath ar an treoir sláinte phoiblí ag an am,
- iv) Tá trádastóras ÁIS ar oscailt agus ag feidhmiú i láthair na huairé,
- v) Ardaíodh ceist faoin moill a bhíonn ann idir eolas a chuireann an Rialtas ar fáil i mBéarla maidir le Covid-19 agus an t-eolas céanna a chur ar fáil i nGaeilge.

### **07.185 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Tagraíodh don chruinniú de Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge sna hÚdaráis Áitiúla ar fhreastail baill d'Fheidhmeannas Fhoras na Gaeilge air, agus fiosraíodh ar tháinig aon rud as an gcruinniú sin. Soiléiríodh gur cruinniú cinn bliana a bhí ann agus dá bharr gur nuashonruithe go príomhá a pléadh ag an gcruinniú. Tuairiscíodh go bhfuil an cumann ag iarraidh aitheantas agus stádas a bhaint amach, go bhfuil oifigigh Ghaeilge san earnáil phoiblí i gcoitinne ina mbaill den chumann, agus go bhfuil Foras na Gaeilge ag tabhairt tacaíochta dó i bhfoirm comhairle agus acmhainní cruinnithe.

Dearbhaíodh go bhfuil an Fóram Forbartha Teanga taobh istigh de raon na luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta agus dá bharr nach gceapfaí baill nua ar an bhFóram go dtí go mbeidh tuairisc na luachála sin foilsithe. Gabhadh buíochas le Cathaoirleach an Fhórais, S. Ní Mhaonaigh as an méid atá déanta aici mar Chathaoirleach ar an bhFóram le 4 bliana anuas.

Fiosraíodh cathain a bheadh Cruinniú Bhoird an Fhorais Teanga ann agus cuireadh in iúl nár éirigh le Feidhmeannas Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaíocht na hUltaise araon dáta cruinnithe

a aontú de bharr brúnna i nGníomhaíocht na hUltaise, agus gur dócha nach mbeadh an Cruinniú Boird ar siúl go dtí go luath in 2021.

Cuireadh in iúl gur fhreastail 47 dhuine ar scrúdú Shéala an Aistriúcháin agus soiléiríodh nach bhfuil dáta an scrúdaithe in 2021 beartaithe go fóill, ach go bhfuil sé i gceist é a reáchtáil go luath sa bhliain úr.

Tuaradh tearc-chaiteachas de luach c. €150,000 don bhliain.

Thug an Bord cead don Phríomhfheidhmeannach agus don Leas-Chathaoirleach cinntí caiteachais agus buiséid a dhéanamh sa tréimhse idir an Cruinniú Boird seo agus an chéad Chruinniú Boird eile i mí Eanáir 2021.

Tugadh suntas don mheamram eolais faoi sheoladh an fhoclóra chlóite.

Glacadh leis an moladh conradh a shíniú leis an gcomhlacht IDM ar chostas €1,425 in aghaidh na bliana chun seirbhísí cothabhála ríomhaireachta a sholáthar, agus €3,243.50 don chóras scríofa foclóra agus córas bainistithe sonraí (€32,268.50 san iomlán) don tréimhse 01 Eanáir 2021 go dtí 31 Nollaig 2025.

Glacadh leis an moladh conradh a shíniú leis an gcomhlacht Tibus ar chostas €12,648 in aghaidh na bliana chun seirbhísí cothabhála ríomhaireachta a sholáthar don Choiste Téarmaíochta don tréimhse 01 Eanáir 2021 go dtí 31 Nollaig 2023.

Glacadh leis an moladh conradh a shíniú le Fiontar agus Scoil na Gaeilge, DCU ar chostas nach mó ná €20,000 móide CBL don tréimhse iomlán 01 Eanáir 2021 go dtí 31 Nollaig 2023 chun tacaíocht forbartha agus eagarthóireachta a thabhairt don Choiste Téarmaíochta.

Ceadaíodh caiteachas breise ar luach €9,000 a íoc le Fiontar agus Scoil na Gaeilge, DCU chun tascanna breise eagarthóireachta a chur i gcrích ar an suíomh [tearma.ie](http://tearma.ie).

Ceadaíodh síneadh 12 mhí (£30,000/€34,483) a chur le deontas do CLG Uladh le híoc as tuarastal Oifigeach Forbartha na Gaeilge don tréimhse Aibreán 2021 go Márta 2022 le clár oibre an tionscadail phíolótaigh a chur i gcrích.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

## **08.185 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

### **1) Coiste na nDeontas**

Thug cathaoirleach an Choiste cuntas ar na moltaí ó chruinniú Choiste na nDeontas ar an 25 Samhain.

### *Leasuithe Buiséid Chonradh na Gaeilge 2020*

Thug an Bord suntas do leasuithe buiséid Chonradh na Gaeilge 2020.

An tÁisaonad 2021

Glacadh leis an moladh an maoiniú seo a leanas a thabhairt don Áisaonad do 2021.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Ainm na hEagraíochta</b>	<b>Méid Molta</b>
2001040	An tÁisaonad/Coláiste Ollscoile Naomh Muire	£272,486

Gaelbhratach 2021

Glacadh leis an moladh an maoiniú seo a leanas a thabhairt do Ghael Linn don tionscadal Gaelbhratach in 2021.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Ainm na hEagraíochta</b>	<b>Méid Molta</b>
2001039	Gael Linn (Gaelbhratach 2021)	€120,000

Scéim don dá Chultúrlann ó thuaidh 2021-2023

Glacadh leis an moladh an maoiniú seo a leanas a thabhairt faoin Scéim don dá Chultúrlann ó thuaidh 2021-2023.

<b>Uimhir Thagartha</b>	<b>Ainm na hEagraíochta</b>	<b>Méid Molta 2021</b>	<b>Méid Molta 2022</b>	<b>Méid Molta 2023</b>	<b>Iomlán</b>
2001044	Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich	£112,000	£112,000	£112,000	£336,000
2001045	Cultúrlann Uí Chanáin	£112,000	£112,000	£112,000	£336,000

Scéim na Foilsitheoireachta agus Scéim na dTionscadal Litríochta 2021

Glacadh leis an moladh maoiniú de luach €7,421 a thabhairt do 8 ndeontáí faoi Scéim na dTionscadal Litríochta 2021 [féach Aguisín 1].

Glacadh leis an moladh maoiniú de luach €96,987 a thabhairt do 12 dheontáí faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2021 [féach Aguisín 2].

Cuireadh moladh faoi bhráid an Bhoird maoiniú eisceachtúil de luach €70,000 a thabhairt do Leabhar Breac do 2021. Glacadh leis an moladh agus iarradh go gcuirfí aon aiseolas eile ábhartha faoin gceist ar fáil don Bbord.

Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2021

**D'fhág M. Ní Chonghaile agus M. Ní Neachtain an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**

Tugadh le fios nach bhfuil maoiniú san áireamh le haghaidh 2 mhór-fhéile a gcuirfí maoiniú ar fáil dóibh de ghnáth de bharr nach mbeadh siad á réachtáil in 2021.

Glacadh leis an moladh maoiniú de luach €30,000 agus £17,400 a thabhairt do 7 ndeontáí faoi Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2021 [féach Aguisín 3].



**D'fhill M. Ní Chonghaile agus M. Ní Neachtain ar an gcrúinniú ag an bpointe seo.**

### **2) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 23 Samhain. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Cuireadh tuairiscí deireadh bliana ó gach stiúrthóir faoi bhráid an Choiste,
- ii. Pléadh an Scéim Pobal Gaeilge,
- iii. Pléadh an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta,
- iv. Pléadh tearc-chaiteachas na bliana,
- v. Tugadh nuashonruithe ar Scéim na Meán Clóite agus ar an gcóras iarratais deontais ar líne.

### **3) An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcrúinniú ar an 30 Samhain. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Tá moill ar fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2018 agus ar iniúchadh an Ard-Reachtair ar Chuntais 2019 ar chúiseanna a bhaineann leis na Ranna,
- ii. Tugadh nuashonrú ar phlean oibre an Iniúcháir Inmheánaigh,
- iii. Pléadh an clár rioscaí agus na rioscaí a bhaineann le COVID-19 go háirithe,
- iv. Ghabh Cathaoirleach an Choiste buíochas le S. M. Ó Domhnaill as a thacaíocht le linn na bliana mar ionadaí seachtrach ar an gCoiste Iniúchta,
- v. Moladh don Bhord na tairsigh tharmligin do Chlár Cholmille a leasú le go mbeadh siad ag teacht leis na tairsigh tarmligin de réir an Mheamraim Airgeadais. Glacadh leis an moladh d'aonghuth.

Faomhadh an Clár Rioscaí.

## **09.185 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 SAMHAIN 2020**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 30 Samhain 2020 i láthair an chruinnithe agus tugadh cur síos ar leagan amach an Ráitis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- i. Tá nach mór bliain iomlán chaiteachais á tuairisciú sa Ráiteas Caiteachais,
- ii. Tá díolachán iomlán na bliana 2019 sáraithe ag ÁIS i mbliana ag deireadh mhí Samhna 2020 in ainneoin an trádstóras a bheith dúnta ar feadh dhá mhí de bharr na dianghlasála i mí Márta/Aibreáin.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais agus gabhadh buíochas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha as tuairisc chuimsitheach a chur i láthair.

## **10.185 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon ní le plé faoin mí seo.

## **11.185 AON GHNÓ EILE**

Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeidh an cruinniú seo ar an gcruinniú deireanach aige mar Chomhalta Boird agus ghabh sé a bhuíochas leis na baill foirne, na Comhaltaí agus na hIarchomhaltaí ar fad ar oibrigh sé leo le linn a thréimhse ar an mBord.

D'fháiltigh an Príomhfheidhmeannach roimh an scéal go bhfuil Comhaltaí nua á gceapadh ar an mBord, agus chuir sé a bhuaireamh in iúl go raibh deireadh ag teacht le tréimhse triúr Comhaltaí ar an mBord ag an am céanna.

Gabhadh buíochas leis an gCathaoirleach, P. Ó Gallchóir, le M. Ní Neachtain agus le S. Ní Chéide as an méid a bhain siad amach agus iad mar Chomhaltaí ar an mBord.

Guíodh Nollaig shona shábháilte ar gach duine i láthair an chruinnithe.

---

**Barra Ó Muirí**  
**Leas-Chathaoirleach**  
**29 Eanáir 2021**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2020**

	Iomlán	24/01/ 20	06/03/ 20	17/04/ 20	05/06/ 20	24/07/ 20	18/09/ 20	30/10/ 20	11/12/ 20
Pól Ó Gallchóir	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Conor McGuinness	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Barra Ó Muirí	5/8	✓	X	✓	✓	✓	X	✓	X
Maighrэд Ní Chonghaile	7/8	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Máire Ní Neachtain	8/8	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Sorcha Ní Chéide	7/8	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Niall Ó Gallochobhair	5/8	X	✓	✓	X	✓	✓	X	✓
Daithí Mac Cárthaigh	1/1					<i>Ceaptha 27/11/2020</i>			✓
Wuraola Majekodunmi	1/1					<i>Ceaptha 27/11/2020</i>			✓
Neasa Ní Chiaráin	1/1					<i>Ceaptha 27/11/2020</i>			✓

### Aguisín 1: Scéim na dTionscadal Litríochta 2021

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

<b>Ainm an Eagrais</b>	<b>Méid Molta</b>
Móinín	€ 9,000.00
Gaelchultúr	€27,000.00
Young at Art	€ 3,201.00
Éigse Éireann	€ 8,000.00
IMRAM	€42,000.00
Ó Bhéal	€ 2,420.00
Áras Scríbhneoirí na hÉireann	€ 4,800.00
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	€ 1,000.00

### Aguisín 2: Scéim na Foilsitheoireachta 2021

<b>Ainm an Eagrais</b>	<b>Méid Molta</b>
Futa Fata	€ 94,546.00
Cló Iar-Chonnacht	€193,230.00
Arlen House	€ 15,591.00
Coiscéim	€125,749.00
COMHAR	€ 46,416.00
Éabhlóid	€ 23,215.00
An tSnáthaid Mhór	€ 18,777.00
Cumann na Sagart	€ 32,433.00
Foilseacháin Ábhair Spioradálta	€ 22,788.00
Ponc Press	€ 4,000.00
MLÓG (ML Education & Innovation [MLEI])	€ 10,000.00
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	€ 10,242.00
Futa Fata	€ 94,546.00

### Aguisín 3: Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2021

<b>Ainm an Eagrais</b>	<b>Ainm an Tionscadail</b>	<b>Méid Molta</b>
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Scoil Samhraidh Mhic Reachtain 2021	£ 7,000.00
Féile Dhuibh Linne Teoranta	Gaeltacht agus Gaelspraoi	€ 5,000.00
Cumann Merriman	Scoil Gheimhridh Merriman 2021	€ 4,000.00
Féile an Phobail	Féile Lúnasa	£ 7,000.00
Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	Féile Náisiúnta Drámaíochta 2021	€13,000.00
Féile na Gaelaí	Féile na Gaelaí 2021	€ 8,000.00
An Gaeláras Ltd. (Cultúrlann Uí Chanainn)	Féile na Gaeilge	£ 3,400.00